AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.12.2021
COM(2021) 782 final

2021/0411 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dhlí na mBallstát, lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle

{SEC(2021) 420 final} - {SWD(2021) 374 final} - {SWD(2021) 377 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Comhthéacs ginearálta

Mar a leagtar amach i Straitéis Aontais Slándála an Aontais Eorpaigh[1], sa chlár oibre frithsceimhlitheoireachta nua don AE[2] agus do Straitéis an AE chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025[3], éilítear i mbagairtí trasnáisiúnta freagairt chomhordaithe, níos spriocdhírithe agus níos oiriúnaithe. Cé go bhfuil na húdaráis náisiúnta atá ag feidhmiú ar an láthair ar thús cadhnaíochta sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta, tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais agus comhpháirtíochtaí domhanda ríthábhachtach chun comhar éifeachtach chomh maith le malartú faisnéise agus eolais a áirithiú i measc na n-údarás náisiúnta, le tacaíocht ó chreat coiteann an dlí choiriúil agus ó acmhainní airgeadais éifeachtacha. Ina theannta sin, tá coireacht eagraithe agus sceimhlitheoireacht ina samhail den nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach. Scaip na bagairtí sin thar theorainneacha agus léiríonn siad iad féin sa choireacht eagraithe agus i ngrúpaí sceimhlitheoireachta a bhíonn i mbun raon leathan gníomhaíochtaí coiriúla.

I limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (‘limistéar Schengen’[4]), ba cheart go mbeadh rochtain choibhéiseach ag póilíní i mBallstát amháin ar an bhfaisnéis atá ar fáil dá gcomhghleacaithe i mBallstát eile (faoi réir na gcoinníollacha céanna). Ba cheart dóibh comhoibriú go héifeachtach agus trí réamhshocrú ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, tá malartú faisnéise maidir le hábhair choiriúla ina phríomhchumasóir chun an tslándáil a chosaint i limistéar Schengen.

Mar aon le deireadh a chur le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha laistigh de limistéar Schengen, comhaontaíodh tacar rialacha maidir le malartú faisnéise agus comhar póilíneachta sa Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme (CISA). Ina theannta sin, bunaíodh Córas Faisnéise Schengen (SIS), lena gcruthaítear bunachar coiteann sonraí slándála agus teorann AE ina bhfuil faisnéis faoi dhaoine agus faoi ábhair a bhfuiltear sa tóir orthu agus ar iarraidh i bhfoirm foláireamh.

De réir Mheasúnú 2021 ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe (SOCTA AE), tá os cionn 70 % de ghrúpaí coireachta eagraithe i láthair i níos mó ná trí Bhallstát[5]. I dtuarascáil SOCTA AE 2021 agus i dtuarascáil Eorpach EMCDDA maidir le drugaí[6], tugtar cuntas ar roinnt réimsí ina bhfuil an chosúlacht ar an gcoireacht thromchúiseach eagraithe a bheith ag dul i méid. Ag an am céanna, mar a leagtar amach i gClár Oibre

---

1 COM(2020) 605 final.

2 COM(2020) 795 final.

3 COM(2021) 170 final.

4 Tá limistéar Schengen comhdhéanta den Ostair, an Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Íoslainn, an Iodáil, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Eilvéis.

5 Europol (2021), Measúnú an Aontais Eorpaigh ar *Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe (SOCTA AE)*.

6 An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA), *Tuarascáil Eorpach 2021 maidir le Drugaí.*

Frithsceimhlitheoireachta mhí na Nollag 2020[7], tá an tAontas fós ar ard-fholáireamh sceimhlitheoireachta.

Tá limistéar Schengen ar an limistéar saorthaistil is mó ar domhan. Ligeann sé do níos mó ná 420 milliún duine gluaiseacht gan bhac agus gluaiseacht earraí agus seirbhísí gan bhac. Trí dheireadh a chur le rialuithe teorann idir na Ballstáit, tá limistéar Schengen anois mar chuid dár ndóigh bheatha Eorpach. Is siombail é d'idirnascthacht na hEorpa agus de na naisc idir saoránaigh na hEorpa[8]. Cuireann limistéar Schengen freisin le feidhmiú éifeachtúil an Mhargaidh Aonair, agus dá bhrí sin le fás gheilleagar an Aontais[9].

Mar sin féin, tá méadú ag teacht ar shoghluaisteacht daoine laistigh den Aontas Eorpach mar gheall ar dhúshláin bhreise a bheith ann maidir le bagairtí coiriúla a chosc agus a chomhrac, agus maidir le sábháilteacht phoiblí a áirithiú. Bhí beagnach 2 milliún duine ag taisteal thar theorainneacha, lena n-áirítear 1.3 milliún oibrí trasteorann[10]. D'ainneoin paindéim COVID-19 a bheith laghdaithe laistigh den Aontas, is dócha go leanfaidh sreafaí daoine de bheith tábhachtach amach anseo.

Le blianta beaga anuas, tá limistéar Schengen á thástáil arís agus arís eile ag sraith géarchéimeanna agus dúshlán a thug ar roinnt Ballstát rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú. Cúis amháin a bhí ag na Ballstáit leis an gcinneadh sin ná gluaiseachtaí tánaisteacha neamhrialaithe[11] na n-imirceach neamhrialta, a mheasann na Ballstáit sin a bheith ina mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, rud a thugann bonn cirt don ghá atá le rialuithe teorann a athbhunú. De bhun Rialachán (AE) 2016/399[12] ('Cód Teorainneacha Schengen'), ní fhéadfar rialuithe teorann a athbhunú ar bhonn sealadach ach ar feadh tréimhse teoranta ama, i gcúinsí eisceachtúla (amhail an ghéarchéim imirce a tugadh faoi deara in 2015/2016), mar rogha dheiridh. Go háirithe, féadfar feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as seiceálacha póilíneachta agus as comhar, lena n-áirítear, dar ndóigh, maidir le malartú faisnéise agus cumarsáid. Tá sé de chumas ag na bearta sin, go háirithe má chuirtear le chéile iad, na torthaí céanna a bhaint amach maidir le gluaiseachtaí tánaisteacha a rialú agus atá ag rialuithe sealadacha ag teorainneacha inmheánacha, agus níl siad chomh hionrach céanna maidir le saorghluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí.

Tugann an timpeallacht choiriúil atá ag athrú go tapa agus soghluaisteacht daoine le fios go bhfuil comhar trasteorann idir údaráis forfheidhmithe dlí san Aontas agus i limistéar Schengen ríthábhachtach chun dul i ngleic le cionta coiriúla, agus chun ligean do shaoránaigh agus do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach ar an gcríoch a saorghluaiseacht a úsáid go sábháilte. Mar sin féin, tá dúshláin thábhachtacha fós ann maidir le cumas na n-údarás forfheidhmithe dlí faisnéis a mhalartú lena gcontrapháirtithe i mBallstáit eile ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Tá éagsúlachtaí móra fós ann i measc na mBallstát maidir leis an gcumas sin, rud a léiríonn méid áirithe ilroinnte a bheadh díobhálach d'éifeachtacht agus d'éifeachtúlacht an mhalartaithe faisnéise. Mar thoradh air sin, leanann coirpigh agus grúpaí coirpeach de leas a bhaint as na neamhéifeachtúlachtaí sin chun oibriú thar theorainneacha, agus leanfaidh gluaiseachtaí tánaisteacha imirceach neamhrialta de bheith ina bhfadhb.

---

7 COM(2020) 795 final.

8 Eorabharaiméadar 474: *Limistéar Schengen*.

9 COM(2021) 277 final, 2.6.2021.

10 An Coimisiún Eorpach (2017), *Fás agus comhtháthú a threisiú i réigiúin teorann an AE*.

11 Ar na cúiseanna eile is minice ar thug na Ballstáit fógra ina leith, áiríodh géarchéim na himirce in 2015/2016, bagairt mharthanach sceimhlitheoireachta agus paindéim COVID-19.

12 Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen).

• Cúiseanna agus cuspóirí an togra

Is é cuspóir foriomlán an togra seo reachtaíocht a rith maidir le gnéithe eagraíochtúla agus nós imeachta den mhalartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí san Aontas d'fhonn rannchuidiú le malartú éifeachtach agus éifeachtúil na faisnéise sin, agus ar an gcaoi sin limistéar Schengen a fheidhmíonn go hiomlán agus a bhfuil teacht aniar ann a chosaint. Tá an togra (go háirithe) gan dochar do na rialacha lena rialaítear malartú faisnéise maidir le foláirimh in CFS tríd an iarraidh ar Fhaisnéis fhorlíontach ag na Bealaí Isteach Náisiúnta (SIRENE).

Tá an togra seo le haghaidh *Treoir maidir le malartú faisnéise idir údaráis na mBallstát um fhorfheidhmiú an dlí* mar chuid de phacáiste comhleanúnach ina bhfuil togra le haghaidh Moladh ón gComhairle lena dtreiseofar comhar póilíneachta trasteorann oibríochtúil, togra le haghaidh Rialachán lena ndéanfar athbhreithniú ar an Sásra Uathoibrithe um Malartú Sonraí le haghaidh Comhair Póilíní ("Prüm II") chomh maith le togra lena leasaítear Cód Teorainneacha Schengen mar atá leagtha amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i Meitheamh 2021 "*Straitéisí dtreo limistéir Schengen atá lánfheidhmiúil agus athléimneach*"[13]. I dteannta a chéile, féachtar leis na tograí seo le Cód um Chomhar Póilíneachta a bhunú a mbeidh sé mar chuspóir aige an comhar i bhforfheidhmiú an dlí idir na gníomhaireachtaí náisiúnta ábhartha a chuíchóiriú, a fheabhsú, a fhorbairt, a nuachóiriú agus a éascú, agus ar an gcaoi sin tacú leis na Ballstáit sa chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí eagraithe agus na sceimhlitheoireachta.

Agus an tuairim atá curtha in iúl ag an gcomhreachtóir á cur san áireamh go hiomlán, tá an togra seo bunaithe ar na torthaí a chuirtear i láthair sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis seo. Áirítear sna torthaí sin freisin faisnéis, anailísí agus moltaí a eascraíonn as na meastóireachtaí Schengen i réimse an chomhair phóilíneachta a rinneadh le sé bliana anuas, an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an mbealach chun cinn chun an *acquis* a bhí sa tríú colún a ailíniú le rialacha cosanta sonraí[14], na comhairliúcháin fhorleathana le geallsealbhóirí ábhartha le dhá bhliain anuas, agus an comhlacht tábhachtach páipéar treorach ón gComhairle a forbraíodh le 15 bliana anuas. Bunaithe ar an anailís chomhcheangailte sin, sainaithníodh trí phríomhchuspóir. Féachtar leis an togra seo iad a bhaint amach trí aghaidh a thabhairt ar thrí fhadhb bhunúsacha.

(1) Easpa comhrialacha soiléire láidre maidir le malartú faisnéise

Is é an chéad chuspóir atá leis an togra seo a áirithiú, faoi rialacha beachta, comhsheasmhacha agus comhchoiteanna, **go mbeidh rochtain choibhéiseach ag údaráis forfheidhmithe dlí aon Bhallstáit ar fhaisnéis atá ar fáil i mBallstáit eile** chun cionta coiriúla a chosc agus a bhrath, imscrúduithe coiriúla nó oibríochtaí coiriúla a dhéanamh, **agus cearta bunúsacha, lena n-áirítear ceanglais maidir le cosaint sonraí, á gcomhlíonadh acu.**

Bíonn údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát páirteach i malartuithe faisnéise trasteorann laethúla a bhaineann le hoibríochtaí i gcoinne cionta coiriúla. **Mar sin féin, cuireann rialacha ar an leibhéal náisiúnta bac ar shreabhadh éifeachtach éifeachtúil faisnéise**. Leagtar síos na rialacha ginearálta maidir le faisnéis forfheidhmithe dlí a mhalartú, ar faisnéis í a bhfuil tábhacht trasteorann ag baint léi i measc údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát, i gCinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle lena simplítear an malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'Cinneadh Réime na

[13] COM(2021) 277 final, 2.6.2021.
[14] COM(2020) 262 final, 24.6.2020.

Sualainne' nó 'SFD' anseo feasta[15]), a glacadh in 2006 sular tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm. Le Cinneadh Réime na Sualainne cuireadh cuid de in ionad na Caibidle maidir le comhar póilíneachta den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme 1990[16].

Leagtar síos i gCinneadh Réime na Sualainne na **prionsabail** ar dá réir ba cheart faisnéis a roinnt (prionsabail infhaighteachta agus rochtana coibhéisí), an **tréimhse ama** inar cheart freagra a thabhairt ar iarraidh ar fhaisnéis, na **foirmeacha** ba cheart a úsáid chun iarrataí den sórt sin a thaisceadh agus freagra a thabhairt orthu, chomh maith leis na **coimircí** cosanta sonraí atá le háirithiú agus an fhaisnéis sin á láimhseáil.

Sa chleachtas, áfach, níl Cinneadh Réime na Sualainne 2006 soiléir, rud a chuireann isteach ar chur chun feidhme iomlán na bprionsabal infhaighteachta/rochtain chomhionann ar fhaisnéis ábhartha i gcomhthéacs trasteorann[17]. Mar thoradh air sin, tá rialacha ar an leibhéal náisiúnta fós ag cur bac ar an sreabhadh faisnéise in ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh chun ceanglais Chinneadh Réime na Sualainne a chomhlánú trí bhíthin treoir neamhcheangailteach ón gComhairle[18]. Dá bhrí sin, bheadh tionchar diúltach fós ag na héiginnteachtaí atá ann faoi láthair ar chomhroinnt éifeachtach éifeachtúil na faisnéise, rud a d'fhágfadh nach dtabharfaí aghaidh go bunúsach ar na tionchair ar éabhlóid thírdhreach slándála AE agus ar an méadú ar an tsoghluaisteacht trasteorann.

Ar an gcúis sin, trí chreat dlíthiúil a bhunú trí bhíthin Treorach chun na gcríoch sin, beifear in ann faireachán agus forfheidhmiú níos fearr a dhéanamh ar rialacha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus ag an am céanna cóineasú na gcleachtas náisiúnta a áirithiú, rud a fheabhsóidh éifeachtacht agus éifeachtúlacht na sreabh faisnéise idir na Ballstáit.

(2) Easpa struchtúr coiteann agus uirlisí bainistíochta éifeachtúla chun faisnéis a mhalartú

Is é dara cuspóir an togra seo le haghaidh Treorach comhchaighdeáin íosta a chomhfhogasú d'fhonn feidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach na bpointe Teagmhála Aonair. Cumhdaítear leis na híoscheanglais choiteanna sin comhdhéanamh, struchtúir, freagrachtaí, foireann agus cumais theicniúla.

Tá na Ballstáit freagrach as an smacht reachta a chaomhnú agus as an tslándáil inmheánach a choimirciú[19]. Tá saoirse acu, i bprionsabal, a n-údaráis agus a seirbhísí um fhorfheidhmiú an dlí a eagrú de réir mar is cuí leo. Maidir le struchtúir chomhair i bhforfheidhmiú an dlí, tá Pointe Aonair Teagmhála curtha ar bun ag na Ballstáit uile, nó tá siad i mbun Pointe Teagmhála Aonair[20] a chur ar bun a bheidh inniúil chun an oiread malartaithe faisnéise agus is féidir a threorú. Bunaithe ar an dlí náisiúnta nó ar rialacha inmheánacha, féadfaidh údaráis

15 IO L 386, 29.12.2006, lch. 89-100.

16 IO L 239, 22.9.2000, lch. 19-62.

17 Tarraingíodh aird ar leith ar na saincheisteanna sin atá fós gan réiteach i meastóireachtaí Schengen i réimse an chomhair phóilíneachta. Leagtar béim i meastóireachtaí sna tíortha sin ar chleachtais éagsúla a bheith ann ag brath ar an Stát is páirtí eile. Cumhdaítear leo freisin treoirpháipéir ábhartha ón gComhairle agus an chaibidil maidir le comhar póilíneachta den Choinbhinsiún 1990 chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus na comhaontuithe déthaobhacha/iltaobhacha a bhaineann leo.

18 Mar shampla: Doiciméad 5825/20 ón gComhairle an 2/12/2020, *Lámhleabhar maidir le Malartú Faisnéise i bhForfheidhmiú an Dlí.*

19 Airteagal 72 CFAE.

20 Is é an Pointe Teagmhála Aonair an mol faisnéise náisiúnta a lánaíonn glacadh, próiseáil agus seoladh na faisnéise chuig tíortha eile. Bailíonn sé faoin struchtúr bainistíochta céanna gach príomhbhealach cumarsáide idirnáisiúnta agus AE (INTERPOL, Europol agus SIRENE).

forfheidhmithe dlí faisnéis a mhalartú eatarthu féin freisin. Cé gur táirgeadh lámhleabhair éagsúla agus bileoga eolais náisiúnta chun cur chuige comhchuibhithe a éascú maidir leis an gcaoi a n-eagraítear Pointí Teagmhála Aonair náisiúnta, tá difríochtaí suntasacha fós idir na Ballstáit maidir lena struchtúir, a bhfeidhmeanna, a n-acmhainn agus a gcumais.

Mar thoradh air sin, **ní i gcónaí a bhíonn na struchtúir is gá i bhfeidhm ag na Ballstáit chun faisnéis a mhalartú go héifeachtach agus go héifeachtúil le Ballstáit eile**. Ní i gcónaí a bhíonn ról comhordúcháin ag Pointí Teagmhála Aonair Náisiúnta agus bíonn easpa acmhainní ann chun déileáil le líon méadaitheach na n-iarrataí.

Go háirithe, ní i gcónaí a bhíonn na huirlisí bainistithe faisnéise is gá acu (mar shampla, córas bainistithe cásanna le deais coiteann agus sonraí a uaslódáil agus a chros-seiceáil go huathoibríoch). Ina theannta sin, **ní i gcónaí a bhíonn rochtain dhíreach sholáimhsithe ag na Pointí Teagmhála Aonair ar bhunachair sonraí agus ardáin ábhartha an Aontais agus idirnáisiúnta uile .** Ina theannta sin, tá rochtain theoranta ag roinnt Pointe Teagmhála Aonair ar **bhunachair sonraí náisiúnta ábhartha**, rud a chuireann moill bhreise ar an bpróiseas foriomlán malartaithe faisnéise. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh acmhainní ag na Pointí Teagmhála Aonair chun aghaidh a thabhairt go tráthúil agus go héifeachtach ar an líon méadaitheach iarratas a fhaightear. Go deimhin, ní i gcónaí a bhí méadú comhréireach ar acmhainní daonna agus TF ag gabháil leis an treocht sin.

Le hailtireacht nua-aimseartha bainistíochta faisnéise atá in úsáid cheana féin i roinnt Pointí Teagmhála Aonair 'ardfhorbartha', is féidir an teannas maidir le hacmhainní daonna teoranta a mhaolú trí fhaisnéis atá i seilbh na n-údarás inniúil a chomhtháthú ina mbunachair shonraí faoi seach, agus ar an gcaoi sin faireachán agus rianú a dhéanamh ar an sprioc-am le haghaidh freagraí ar iarrataí faisnéise[21]. Ní bhaintear lántairbhe i gcónaí as bunachair shonraí atá ar fáil ag na Pointí Teagmhála Aonair de bharr **uirlisí cuardaigh bunúsacha**, rud a chuireann bac ar ghlacadh teicnící traslitrithe[22] agus feidhmeanna cuardaigh "loighic na doiléire"[23]. Cuireann an easpa traslitrithe agus roghanna cuardaigh le loighic na doiléire laistigh de chórais faisnéise bac ar oifigigh torthaí uileghabhálacha (amais) trí cheist uathúil a fháil. Mar thoradh air sin, bíonn ar oifigigh cuardach nua a dhéanamh ar gach sonraí pearsanta atá á n-imscrúdú acu, rud a fhágann ualach oibre méadaithe, rud a chuireann moill ar an bpróiseas cuardaigh (mar shampla, inbhéartú den chéad ainm agus den sloinne, litriú éagsúil a úsáidtear don duine aonair céanna go háirithe ag eascairt as teangacha éagsúla, aibítir agus comharthaí idirdhealaitheacha).

Faoi láthair, téitear thar sprioc-amanna beagnach i gcónaí nuair a bhíonn údarú breithiúnach ag teastáil. Cuideoidh **infhaighteacht fheidhmiúil údaráis** bhreithiúnaigh, mar atá cheana féin in Pointí Teagmhála Aonair níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, le moilleanna míchuí a mhaolú. Go deimhin, is féidir déileáil níos tapúla le cásanna a éilíonn údarú breithiúnach ná mar atá i láthair na huaire, rud a chiallaíonn gur féidir sprioc-amanna a chomhlíonadh níos éasca sna cásanna sin freisin.

(3) Easpa cleachtais choitinn maidir le bealaí cumarsáide atá ann cheana a úsáid chun faisnéis a mhalartú laistigh den AE

---

21 Féach an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo.

22 Is próiseas é an traslitriú lena léirítear focail/ainmneacha ó theanga amháin trí úsáid a bhaint as an aibítir nó as an gcóras scríbhneoireachta i dteanga eile (aitheantas ilteangach ainm). Mar shampla, is é 'ò', 'ó', 'ô', 'õ', 'ö', 'ø' ag brath ar an teanga/an t-aibítir a úsáidtear is ea an litir 'o'.

23 Bunachar sonraí doiléir is ea bunachar sonraí atá in ann déileáil le faisnéis éiginnte nó neamhiomlán ag baint úsáide as loighic na doiléire. i.e. an cumas meaitseanna a aimsiú fiú nuair a chuirtear ainm duine amú.

Is é tríú cuspóir an togra seo le haghaidh Treorach réiteach **a fháil ar leathadh na mbealaí cumarsáide a úsáidtear chun faisnéis faoi fhorghníomhú an dlí a mhalartú idir na Ballstáit agus ról Europol mar mhol faisnéise coiriúla an Aontais a threisiú le haghaidh cionta a thagann faoina shainordú.**

Chomh maith le roinnt cásanna córas-shonracha a rialaítear le dlí an Aontais (i.e. ní mór iarrataí ar fhaisnéis fhorlíontach a bhaineann le foláirimh CFS a dhéanamh trí Bhiúrónna SIRENE[24], agus malartú faisnéise le Europol trí ANEanna de ghnáth[25]), níor chomhaontaigh na Ballstáit ar bhealach aonair malartaithe faisnéise idir a n-údaráis forfheidhmithe dlí i gcásanna a bhfuil gné AE ag baint leo, rud a fhágann go ndéantar iarrataí a dhúbailt, moilleanna míchuí agus caillteanas faisnéise ó am go chéile.

Mar thoradh air sin, úsáideann na Ballstáit bealaí éagsúla ar bhealaí éagsúla chun faisnéis a iarraidh, a sheoladh agus a fháil, go minic gan aon réasúnaíocht shoiléir réamhshainithe[26], a chuireann bac ar mhalartú éifeachtach éifeachtúil faisnéise. Dá bharr sin, ní thugann Europol tacaíocht d'údaráis náisiúnta cé go n-iarrann na Ballstáit ar an nGníomhaireacht a bheith ina mol faisnéise coiriúla an Aontais atá in ann táirgí faoi stiúir faisnéise cáilíochtúla a sholáthar.

Ní i gcónaí a áirithíonn Pointí Teagmhála Aonair go ndéantar faireachán ar bhealaí 24/7 atá ann cheana, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar chásanna trasteorann a éilíonn comhroinnt phráinneach faisnéise. Ag an am céanna, níl an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise ('SIENA' anseo feasta) á úsáid in ainneoin a shainghnéithe agus an bonneagar láidir slándála sonraí. Fiú nuair a úsáideann na Ballstáit SIENA, **ní bhíonn Europol i gceist leo i gcónaí (trí chóipeáil isteach),** cé go dtagann an fhaisnéis a mhalartaítear laistigh dá shainordú. D'fhéadfadh sé sin bearnaí suntasacha faisnéise a chruthú ar leibhéal an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais**

Tá an togra seo comhsheasmhach le forálacha beartais atá ann cheana agus atá ar na bacáin i réimse an chomhair i bhforfheidhmiú an dlí. Réimse ina roinntear inniúlacht idir an tAontas agus na Ballstáit is ea an comhar i bhforfheidhmiú an dlí. Le blianta beaga anuas, rinneadh dul chun cinn chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir na Ballstáit agus chun an spás ina n-oibríonn sceimhlitheoirí agus coirpigh thromchúiseacha a dhúnadh. Neartaíodh an creat reachtach maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus le malartú faisnéise i ndiaidh na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta san Eoraip. Tar éis ghéarchéim na himirce in 2015, rinneadh ollchóiriú ar chórais faisnéise agus bunachar sonraí an Cheartais agus Gnóthaí Baile (CGB) agus díríodh ar idir-inoibritheacht[27] agus ar chóineasú dinimiciúil idir slándáil, teorainneacha

---

24 Ní mór malartú faisnéise forlíontaí a bhaineann le foláirimh CFS a dhéanamh trí líonra aonair oifigí náisiúnta ar a dtugtar Biúrónna SIRENE.

25 Aonad Náisiúnta Europol. Is éigean faisnéis a mhalartú le Europol le hANEanna trí bhíthin SIENA.

26 Baineann roinnt SPOCanna náisiúnta úsáid as treoirlínte inmheánacha ina moltar nó inar gá úsáid shonrach a bhaint as bealach cumarsáide chun críocha sonracha, lena n-áirithítear comhsheasmhacht agus lena seachnaítear dúbláil iarratas ar an gcaoi sin. Braitheann SPOCanna eile, áfach, ar nósanna agus roghanna na n-oifigeach, rud a fhágann go mbíonn neamhéifeachtúlachtaí ann i gcomhthéacs imscrúduithe trasteorann.

27 Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse na dteorainneacha agus víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle [2019] IO L 135/27; Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse an

agus bainistiú imirce. Ina theannta sin, cuireadh comhar níos fearr idir comhlachtaí um fhorfheidhmiú an dlí chun cinn ar leibhéal an Aontais trí mholtaí agus treoirlínte (neamhcheangailteacha) ón gComhairle a fhoilsiú lena bhféachtar le cóineasú na gcleachtas náisiúnta a éascú.

Toisc go mbaineann an dá chéim den chomhar i bhforfheidhmiú an dlí go bunúsach le (i) malartú faisnéise (atá dírithe sa togra seo), agus (ii) comhar oibríochtúil trasteorann, beidh an togra seo mar chuid de phacáiste comhleanúnach leis an togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le gnéithe den chomhar póilíneachta oibríochtúla trasteorann. Comhlánaítear an pacáiste sin leis an togra comhthreomhar le haghaidh Rialacháin lena leasaítear an Sásra Uathoibrithe um Malartú Sonraí le haghaidh Comhair Póilíní ("Prüm II"). Beidh sé d'aidhm ag togra 'Prüm II' ailtireacht theicniúil mhalartú Prüm a neartú, raon feidhme na gcatagóirí sonraí a leathnú agus malartú sonraí iar-amais a shruthlíniú agus dlús a chur leis. Leis an togra 'Prüm II' atreisithe, sholáthrófaí rialacha agus deiseanna sonracha maidir le catagóirí sonracha sonraí – agus an-tábhachtach go háirithe – a mhalartú **go huathoibríoch** (mar shampla, méarloirg, DNA, íomhánna d'aghaidh) laistigh den chreat foriomlán agus rialacha ginearálta maidir le malartú ginearálta faisnéise a chuirfear ar fáil leis an Treoir seo.

Mar bheart tábhachtach chun slándáil laistigh den Aontas a fheabhsú, cuirfidh an togra seo le limistéar Schengen a fheidhmíonn go hiomlán agus a mbeidh teacht aniar ann mar a leagtar amach i Straitéis Schengen é. Tá an togra seo ag teacht go hiomlán le togra 2020 lena ndéantar athbhreithniú ar shainordú Europol[28] d'fhonn sainordú na gníomhaireachta a neartú maidir le tacair sonraí mhóra agus chasta a phróiseáil chomh maith leis na hOrduithe Eorpacha um Tháirgeadh agus Caomhnú le haghaidh fianaise leictreonach in ábhair choiriúla[29]. Comhlánaíonn an togra an creat dlíthiúil[30] maidir le malartú faisnéise faoi fholáirimh in CFS trí Bhiúrónna SIRENE. Tá an togra seo gan dochar do na gníomhartha eile sin uile sin de dhlí an Aontais, agus do ghníomhartha eile amhail Treoir 2019/1153 an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile chun cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle chun rochtain ar fhaisnéis airgeadais agus ar fhaisnéis cuntas bainc a éascú d'údaráis inniúla chun cionta coiriúla tromchúiseacha a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh[31].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is é is aidhm don togra seo cur go dearfach le limistéar Schengen a fheidhmeoidh go hiomlán agus a mbeidh teacht aniar ann, rud a chuirfidh ar chumas níos mó daoine gluaiseacht faoi shaoirse, agus sreabhadh earraí agus seirbhísí gan bhac, rud a chuireann le feidhmiú

---

chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, Rialachán (AE) 2018/1862 agus Rialachán (AE) 2019/816 [2019] IO L 135/85.

28 COM/2020/796 final.

29 COM/2018/225 final – 2018/0108 (COD).

30 IO L 312, 7.12.2018, lch. 1-13. Rialachán 2018/1860 maidir le Córas Faisnéise Schengen a úsáid chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh; Rialachán 2018/1861 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 1987/2006; Rialachán 2018/1862 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 1986/2006 agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún, arna leasú.

31 IO L 186, 11.7.2019, lch. 122-137.

éifeachtach an Mhargaidh Aonair, agus dá bhrí sin le fás gheilleagar an Aontais. Dá bhrí sin, tá an togra seo go hiomlán comhsheasmhach le beartais eile an Aontais i réimse na fostaíochta, an iompair agus an fháis eacnamaíoch i réigiúin teorann laistigh den Aontas, ach ar fud an Aontais ina iomláine freisin.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Teideal V, Caibidil 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí le gníomhaíocht AE i réimse an chomhair i bhforfheidhmiú an dlí laistigh den AE. De bhun Airteagal 87, CFAE: "*Bunóidh an tAontas comhar póilíneachta a mbeidh baint ag údaráis inniúla uile na mBallstát leis, lena n-áirítear seirbhísí póilíneachta, seirbhísí custaim agus sainseirbhísí eile forfheidhmithe dlí i ndáil le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú*". Go sonrach, baineann Airteagal 87(2)(a) CFAE le bearta a bhaineann le bailiú, stóráil, próiseáil, anailísiú agus malartú faisnéise atá ábhartha chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Tá an togra dlí reatha le glacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá gá le gníomhaíocht ón AE chun aghaidh a thabhairt i gceart ar na fadhbanna a shainaithnítear sa chéad chuid den mheabhrán míniúcháin seo. Ní féidir leis na Ballstáit, agus iad ag gníomhú leo féin, sreafaí faisnéise leormhaithe agus meara a bhaint amach idir na húdaráis forfheidhmithe dlí ábhartha agus chuig Europol. Mar gheall ar chineál trasteorann na coireachta agus na sceimhlitheoireachta, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit brath ar a chéile. Dá bhrí sin, is fearr is féidir rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le malartú faisnéise ar leibhéal an Aontais. D'ainneoin go bhfuil roinnt beart náisiúnta agus réigiúnach i bhfeidhm, ní bheadh na Ballstáit in ann a áirithiú ina n-aonar go gcuirfear chun feidhme ina n-iomláine prionsabail na hinfhaighteachta agus rochtain choibhéiseach ar fhaisnéis. Dá ngníomhóidís ina n-aonar agus ar bhonn scéimeanna náisiúnta, ní sháródh na Ballstáit na difríochtaí atá ann faoi láthair idir Pointí Teagmhála Aonair, rud a chuireann bac ar fhaisnéis ábhartha a mhalartú go héifeachtúil agus go héifeachtach thar theorainneacha. Ní áiritheofaí leo leibhéal iomchuí agus aonfhoirmeach eolais maidir le húsáid na mbunachar sonraí agus na mbealaí cumarsáide ábhartha agus cumas maidir le húsáid na mbunachar sonraí agus na mbealaí cumarsáide sin.

Tá an tAontas níos oiriúnaí ná na Ballstáit aonair chun comhleanúnachas na ngníomhaíochtaí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú, chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht na gcleachtas náisiúnta, chun dúbláil, forluí agus neamhchinnteachtaí a chosc agus chun frithghníomh éifeachtúil i gcoinne na coireachta trasteorann agus na sceimhlitheoireachta a éascú ar deireadh. Mar fhreagairt ar na fadhbanna a sainaithníodh, táthar ag súil go gcuirfidh gníomhaíocht AE breisluach ar fáil don AE ar fad, agus dá bhrí sin dá shaoránaigh, toisc go mbeidh limistéar Schengen níos athléimní agus níos láidre dá bharr, agus tionchar dearfach aige sin ar Thíortha Comhlachaithe Schengen.[32] Le rialacha, caighdeáin agus ceanglais choiteanna ar leibhéal an Aontais lena n-éascaítear malartú faisnéise maidir le coireacht trasteorann idir údaráis forfheidhmithe dlí, ginfear barainneachtaí scála suntasacha agus áiritheofar caighdeáin ardleibhéil maidir le slándáil sonraí agus cosaint sonraí ag an am céanna.

Ní thagann an comhar i bhforfheidhmiú an dlí ar leibhéal an Aontais in ionad na mbeartas náisiúnta maidir leis an tslándáil inmheánach. Ní ghlacann sé ionad obair na n-údarás

[32] an Eilvéis, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin.

náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí. Ina ionad sin, tacaíonn gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais le beartais slándála náisiúnta agus le hobair na n-údarás náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí i gcoinne na coireachta agus na sceimhlitheoireachta trasteorann agus neartaítear an obair sin.

- **Comhréireacht**

Is é is aidhm don togra seo creat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh a chomhdhlúthú in aon ionstraim dlí amháin maidir le malartú faisnéise trí Chinneadh Réime na Sualainne a 'Liospóiniú'. Tá forálacha ann freisin a eascraíonn as sraith treoirlínte neamhcheangailteacha ón gComhairle a glacadh le 15 bliain anuas. I bhfianaise an ghlao ón gcomhreachtóir agus a thoilteanaí atá na Ballstáit le linn chéim an chomhairliúcháin, leis an togra seo le haghaidh Treorach, tugtar aghaidh ar na fadhbanna sainaitheanta gan dul thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach, arb é atá ann sreafaí faisnéise éifeachtacha agus éifeachtúla a áirithiú idir na Ballstáit.

- **An rogha ionstraime**

Ag cur leis na Conclúidí ábhartha ón gComhairle a bhí ann roimhe seo[33], is é is aidhm don togra seo ón gCoimisiún le haghaidh Treorach sreafaí faisnéise éifeachtacha agus éifeachtúla a bhaint amach idir údaráis um fhorfheidhmiú an dlí sna Ballstáit, trí chomhfhogasú substaintiúil a dhéanamh ar reachtaíocht na mBallstát maidir le malartú faisnéise agus cumarsáid. Áirithítear lena fhorálacha go n-urramófar tabhairt cumhachtaí agus na difríochtaí i gcórais agus traidisiúin dlí na mBallstát, mar atá aitheanta sna Conarthaí. I bhfianaise an méid thuas, is i bhfoirm Treorach atá an togra dlí atá beartaithe.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí **geallsealbhóirí ábhartha** i gceist sa chomhairliúchán ó réimse leathan ábhar, póilíní náisiúnta, údaráis chustaim, údaráis bhreithiúnacha agus chosanta sonraí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lucht acadúil, agus ó dhaoine den phobal maidir lena n-ionchais agus lena n-ábhair imní i dtaca le comhar i bhforfheidhmiú an dlí san Aontas a neartú[34].

D'úsáid an Coimisiún modhanna éagsúla rannpháirtíochta amhail ceistneoirí spriocdhírithe, agallaimh saineolaithe, grúpaí fócais, cás-staidéir, agus d'eagraigh sé ceardlanna téamacha leis na Ballstáit agus le hionadaithe Thíortha Comhlachaithe Schengen. Pléadh na hábhair agus na roghanna beartais a cuireadh i láthair sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo freisin i Meithleacha ábhartha na Comhairle (mar shampla, an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí/na bPóilíní, an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí/na Meithle Custaim, an Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach).

Ina theannta sin, i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr[35], sheol an Coimisiún **comhairliúchán poiblí**. Cuireadh **torthaí na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin** (20 bhfreagra) san áireamh go cuí agus an togra seo á ullmhú[36].

---

33 Conclúidí ón gComhairle maidir le Slándáil Inmheánach agus Comhpháirtíocht Eorpach na bPóilíní, 13083/1/20.

34 Tá cur i láthair uileghabhálach ar na comhairliúcháin le páirtithe leasmhara sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo.

35 COM (2017) 350, 7.7.2017.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chomh maith leis sin, rinne an conraitheoir roinnt mhaith gníomhaíochtaí comhairliúcháin – amhail agallaimh scóipe, ceistneoirí agus suirbhéanna ar líne, agallaimh leathstruchtúrtha, staidéir cháis agus fócasghrúpaí – le linn dó '*Staidéar a ullmhú chun tacú le measúnú tionchair a ullmhú maidir le tionscnaimh beartais AE lena n-éascaítear comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí'*.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinneadh Measúnú Tionchair chun an togra reachtach seo a ullmhú. Bunaithe ar thorthaí an togra seo, d'aithin an Coimisiún trí phríomhfhadhb a chomhfhreagraíonn do thrí phríomhchuspóir shonracha den togra seo (mar atá luaite thuas). Dá réir sin, rinneadh trí rogha beartais le leibhéil éagsúla idirghabhála a mheas chun gach ceann de na cuspóirí sonracha a bhaint amach[37].

Cuspóir sonrach 1: *Rochtain choibhéiseach a éascú d'údaráis forfheidhmithe dlí ar fhaisnéis a choimeádtar i mBallstát eile, agus cearta bunúsacha, lena n-áirítear ceanglais maidir le cosaint sonraí, á gcomhlíonadh ag an am céanna.*

Trí:

(1) ailíniú na bhforálacha atá in SFD 2006 faoi láthair a áirithiú leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí 2016 maidir le Forfheidhmiú an Dlí;

(2) sraith de bhearta nua 'bog' a fhorbairt, amhail oiliúint agus treoir ón gCoimisiún maidir le gnéithe sonracha a bhaineann le malartú faisnéise i bhforfheidhmiú an dlí, de réir mar is iomchuí;

(3) soiléireacht na bhforálacha maidir le SFD a fheabhsú. Déantar é sin trí shoiléiriú a dhéanamh ar raon feidhme SFD agus trína húsáid a shimpliú. D'fhéadfaí treoir ón gCoimisiún maidir leis na tacair sonraí náisiúnta atá ar fáil i ngach Ballstát a fhorbairt chun an cur chun feidhme a fheabhsú tuilleadh, de réir mar is iomchuí;

(4) éascú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sprioc-amanna faoina bhfuil faisnéis le cur ar fáil do Bhallstát eile, lena n-áirítear nuair atá údarú breithiúnach ag teastáil.

Cuspóir Sonrach 2: *A áirithiú go mbeidh Pointe Aonair Teagmhála atá ag feidhmiú go héifeachtach ag na Ballstáit uile, lena n-áirítear i gcás ina mbeidh gá le húdarú breithiúnach chun faisnéis a sholáthar arna iarraidh sin do Bhallstát eile.*

Trí:

(1) sraith nua beart 'bog' tionlacain a fhorbairt, amhail oiliúint, tacaíocht airgeadais agus treoir ón gCoimisiún maidir le hábharthacht, de réir mar is iomchuí;

(2) íoscheanglais choiteanna a bhunú maidir le comhdhéanamh na Pointí Teagmhála Aonair (lena n-áirítear nuair atá gá le húdarú breithiúnach), a bhfeidhmeanna, an fhoireann, na cumais.

Cuspóir Sonrach 3: *Is é tríú cuspóir an togra seo le haghaidh réiteach a fháil ar leathadh na mbealaí cumarsáide a úsáidtear chun faisnéis faoi fhorghníomhú an dlí a mhalartú idir na*

---

36 Cód Comhair Póilíneachta an Aontais Eorpaigh – ag dul i ngleic le coireacht trasteorann thromchúiseach agus eagraithe

37 Féach an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo.

Ballstáit agus ról Europol mar mhol faisnéise coiriúla an Aontais a threisiú le haghaidh cionta a thagann faoina shainordú.

Trí:

(1) sraith nua de bhearta tionlacain ‘bog’ a fhorbairt, amhail oiliúint, tacaíocht airgeadais agus treoir ón gCoimisiún maidir le comhroinnt faisnéise, de réir mar is iomchuí;

(2) ceangal a chur ar na Ballstáit SIENA a úsáid le haghaidh na malartuithe faisnéise déthaobhaí agus iltaobhacha uile faoin Treoir atá beartaithe tar éis idirthréimhse riachtanach lena n-áiritheofar go ndéanfar SIENA a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Leis na bearta sin , **déanfar an comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí a chuíchóiriú, a shoiléiriú, a fhorbairt agus a nuachóiriú, agus, ag an am céanna, déanfar cearta bunúsacha a chosaint ar bhealach níos fearr** , go háirithe maidir le cosaint sonraí pearsanta (mar a mhínítear thíos). Cuirfidh sé dlús freisin leis an tacaíocht a thugann Europol do na Ballstáit chun cur i gcoinne bagairtí atá ag teacht chun cinn. Leis an rogha beartais dá dtugtar tosaíocht, áiritheofar cóineasú láidir cleachtas náisiúnta maidir le feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil Pointe Teagmhála Aonair, trí íoschaighdeáin choiteanna.

Táthar ag súil go n-eascróidh na tionchair is dearfaí a bheidh ag an rogha beartais dá dtugtar tosaíocht as Pointe Teagmhála Aonair a bhunú mar “Phointe Teagmhála Aonair” don chomhar i bhforfheidhmiú an dlí i ngach Ballstát. Trí Europol SIENA a bhunú mar bhealach réamhshocraithe cumarsáide, cuirfear le cuíchóiriú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise i bhforfheidhmiú an dlí, agus cóineasú na faisnéise ag Europol, agus slándáil na faisnéise sin (agus sonraí pearsanta) á n-áirithiú ag an am céanna. Áirítear sa rogha beartais thosaíochta freisin bearta tionlacain amhail oiliúint ábhartha agus tacaíocht airgeadais, príomhchumasóirí chun na cuspóirí sonracha thuasluaite a bhaint amach. Léiríonn rogha na tosaíochta na tionchair charnacha is fearr maidir le hábharthacht, breisluach, éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus comhréireacht. Tarraingíonn sé ceachtanna ón am atá caite agus, ag an am céanna, tá sé sách uaillmhianach. Sa rogha thosaíochta, cuirtear san áireamh go cuí na tuairimí a chuir na Ballstáit in iúl agus iad ag freagairt d’ionchais dhlisteanacha shaoránaigh agus ghnólachtaí an Aontais Eorpaigh ag an am céanna. Agus é sin á dhéanamh aici, cuireann an rogha thosaíochta le feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil limistéar Schengen.

- **Cearta bunúsacha**

Rinneadh anailís sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo ar na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag gach rogha beartais, lena n-áirítear na bearta a bheartaítear leis an togra seo le haghaidh Treorach, ar chearta bunúsacha na saoránach. De réir sainmhínithe, aon roghanna beartais a dhíríonn ar fhaisnéis a roinnt idir údaráis forfheidhmithe dlí, bíonn tionchar acu ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, mar a fhoráiltear in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear anseo feasta: An Chairt) agus Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Tá tionchar féideartha ag na roghanna beartais freisin ar chearta bunúsacha eile, amhail na cearta sin atá faoi chosaint ag Airteagal 2 (an ceart chun na beatha), Airteagal 3 (an ceart chun iomláine an duine), 6 (an ceart chun saoirse agus slándála), 17 (an ceart chun maoine) agus 45 (saoirse gluaiseachta agus cónaithe) den Chairt. Measadh sa Mheasúnú Tionchair go bhfuil na roghanna beartais a roghnaíodh comhréireach ós rud é go bhfuil siad teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun an tslándáil inmheánach i limistéar Schengen a chosaint agus saorghluaiseacht daoine a chosaint ag an am céanna[38].

[38] Féach an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo.

Ina theannta sin, ailíniú na rialacha ábhartha maidir le malartuithe faisnéise chun críocha fhorfheidhmiú an dlí leis na rialacha is infheidhme ina dhiaidh sin maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fhorfheidhmiú an dlí (de bhun Threoir 2016 maidir le Cosaint Sonraí i bhForfheidhmiú an Dlí; ina dhiaidh seo: LED[39]) meastar go mbeidh tionchar dearfach aige sin ar chearta bunúsacha na saoránach a chosaint. Trí SIENA a úsáid mar bhealach cumarsáide, feabhsófar slándáil na gcóras próiseála sonraí pearsanta agus cosaint na gcóras sin ar an iomlán i gcoinne mí-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith ann. Ós rud é go soláthraíonn agus go n-áirithíonn an LED an leibhéal cosanta is gá ar shonraí pearsanta san Aontas, ní gá dul níos faide ná sin. Ina ionad sin, cinnteoidh an t-ailíniú comhsheasmhacht iomlán le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear na rialacha sin atá sa LED. Ar an gcaoi sin, tugtar éifeacht don ghealltanas ón gCoimisiún atá i dTeachtaireacht ó 2020"*togra reachtach a dhéanamh, a mbeidh leasú ar Chinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle mar chuid de ar a laghad chun an t-ailíniú is gá maidir le cosaint sonraí a áirithiú, sa ráithe dheireanach de 2021*"[40].

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cé go bhfuil sé ag brath go mór ar shainiúlachtaí gach socraithe náisiúnta TF agus gach paraiméadair dhlíthiúil, tá meastachán ar na costais a d'fhéadfadh a bheith ann curtha ar fáil ag Europol agus tá tuairisc tugtha air sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo. Measadh gurb é **EUR 11,5 milliún iomlán na gcostas aonuaire** a bhaineann leis an uasghrádaithe TF a bhí riachtanach sna Pointí Teagmhála Aonair agus an Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim[41] araon. Meastar iad seo a bheith roinnte mar seo a leanas:

– 1,5 milliún chun Córais Bainistithe Cásanna (CMS) a bhunú in 10 Ballstát (nach bhfuil feistithe fós);

– 1 milliún chun SIENA a chomhtháthú i CMS na Pointí Teagmhála Aonair 20 mBallstát (nach bhfuil feistithe go fóill);

– 2,25 milliún chun Ionaid Chomhair Phóilíneachta agus Custaim a bhunú le SIENA in uasmhéid de 45 Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim(14 as 59 atá nasctha cheana féin);

– 6,75 milliún chun CMSanna a chur ar bun i 45 Ionad Comhair Póilíneachta agus Custaim (45x EUR 150 000) ar a mhéad.

Meastar go bhfuil na costais sin (infheistíocht aonuaire) inghlactha agus **comhréireach** leis an bhfadhb shainaitheanta agus ní théann siad thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sonracha a leagtar amach sa togra seo le haghaidh Treorach a bhaint amach. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil nuachóiriú á dhéanamh ag na Ballstáit ar a gcórais TF (i gcomhthéacs idir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh freisin). Tugann sé sin deis mhaith chun na hathruithe a bheartaítear le foráil an togra seo a chur chun feidhme ar bhealach costéifeachtach. Ní chumhdaíonn na meastacháin sin riachtanais oiliúna ós rud é, go háirithe i

39 Treoir (AE) 2016/680, IO L 119, 4.5.2016.

40 COM(2020)262, *Bealach chun cinn maidir le hailíniú acquis an tríú colún a bhí ann roimhe seo le rialacha maidir le cosaint sonraí.*

41 Is moil faisnéise réigiúnacha iad na hIonaid Chomhair Phóilíneachta agus Custaim a chuirtear ar bun i réigiúin teorann dhá Bhallstát nó níos mó. Tá siad comhdhéanta de phearsanra d'údaráis um fhorfheidhmiú an dlí ó na Ballstáit sin. Go dtí seo, tá 59 Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim curtha ar bun ar fud na hEorpa.

gcás uasghráduithe TF, go bhfuil na costais oiliúna ag brath go mór ar shainiúlachtaí gach leagan amach TF náisiúnta agus paraiméadair dhlíthiúla.

Ar aon chuma, ba cheart na costais ar an leibhéal náisiúnta a chumhdach le cláir na mBallstát faoin gCiste Slándála Inmheánaí[42]. Áirítear sa Chiste Slándála Inmheánaí an cuspóir sonrach "*malartú faisnéise a fheabhsú agus a éascú*" agus "*comhar trasteorann a fheabhsú agus a threisiú*"[43]. Agus a gcláir náisiúnta á n-ullmhú acu, iarrtar ar na Ballstáit, dá bhrí sin, gníomhaíochtaí atá ábhartha do chur chun feidhme na Treorach atá beartaithe a chur san áireamh, agus tagairt shainráite á déanamh acu de Phointe Teagmhála Aonair, agus de Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim, agus don nasc le SIENA. Ós rud é go bhfuil roinnt Ballstát níos airde ná a chéile maidir lena leibhéal comhair, beidh an costas a bhaineann leis an Treoir atá beartaithe a chur chun feidhme éagsúil ó Bhallstát go Ballstát.

Cé is moite de na costais a d'fhéadfadh a bheith cumhdaithe faoi chláir na mBallstát faoin gCiste Slándála Inmheánaí, ní íocfar aon chostais eile ar leibhéal an AE.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Braitheann an mheastóireacht ar thionchair na mbeart atá beartaithe ar an bhfaisnéis atá le fáil ó na Ballstáit. Ar an gcúis sin, **tá forálacha sa togra seo maidir le táscairí sonraí a bhailiú**. Ba cheart go mbeadh an fhreagracht as sonraí ábhartha faireacháin a bhailiú faoi chúram na n-údarás náisiúnta, go háirithe na Pointí Teagmhála Aonair. Ina dhiaidh sin, úsáidfear faireachán ar na táscairí gníomhaíochta sin chun eolas a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm na mbeart atá beartaithe.

I dtaca leis sin, ceanglaítear leis an togra seo ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo atá beartaithe a chomhlíonadh. Ceanglaítear leis an airteagal ábhartha freisin ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar bhreisluach na Treorach, 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach, agus athbhreithniú féideartha ar an Treoir a mheas ar ábharthacht.

Chomh maith leis an togra dlí seo, bunóidh an Coimisiún, ag gníomhú dó de bhua a neamhspleáchais riaracháin, **grúpa saineolaithe neamhfhoirmiúil** a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe ó gach Ballstát, chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Choimisiún maidir le faireachán agus cur i bhfeidhm na Treorach, lena n-áirítear nuair a bheidh treoirpháipéir ón gCoimisiún á n-ullmhú. D'fhéadfaí an sainghrúpa sin a fhorbairt ar an gCeann neamhfhoirmiúil atá ann cheana ar líonra na bPointe Teagmhála Aonair. Agus ar deireadh, leanfar den mheicníocht mheastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse an chomhair phóilíneachta a fhíorú, i gcomhréir leis an Rialachán reatha ón gComhairle[44], agus ar deireadh i gcomhréir leis an leasú a d'fhéadfaí a dhéanamh air[45]. Clúdaíodh cur chun feidhme Chinneadh Réime na Sualainne go dtí seo sna tuarascálacha meastóireachta sin. Cuimseofar sna meastóireachta amach anseo cur i bhfeidhm na Treorach nua atá beartaithe.

---

42 Rialachán (AE) 2021/1149.

43 Féach Airteagail 3(2)(a) agus (b) de Rialachán (AE) 2021/1149.

44 IO L 295, 6.11.2013, Lch. 27-37.

45 Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, 2 Meitheamh 2021.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá an togra reachtach seo le haghaidh Treorach leagtha amach i sé chaibidil:

(1) Forálacha ginearálta maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát chun críocha cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú (Airt. 1 go hAirt. 3)

Cuireann an chéad bhloc forálacha le struchtúr agus le substaint Chinneadh Réime na Sualainne a bhí i bhfeidhm ó 2006 i leith. Ina theannta sin, cuirtear a raon feidhme agus a inneachar i gcomhréir leis na forálacha maidir le comhar póilíneachta (Teideal V, Caibidil 4) mar a tugadh isteach le Conradh Liospóin atá i bhfeidhm ó 2009 i leith.

Sainítear in Airteagal 1 raon feidhme na rialacha cothrománacha maidir le faisnéis a mhalartú chun críocha cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Tá feidhm ag forálacha na Treorach seo mura rialaítear a mhalairt le gníomhartha sonracha eile de dhlí an Aontais.

Sainítear in Airteagal 2 roinnt príomhthéarmaí, amhail na húdaráis atá faoi réir na rialacha cothrománacha maidir le malartú faisnéise, na cionta coiriúla lena mbaineann agus an cineál faisnéise atá ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí.

Leagtar amach in Airteagal 3 trí phrionsabal nach mór a urramú nuair a bhíonn faisnéis á malartú idir na Ballstáit faoin Treoir: Prionsabal na rochtana coibhéisí lena suífear nach mór na coinníollacha céanna, a bheag nó a mhór, a bheith ann maidir le malartú faisnéise laistigh de Bhallstát agus idir Ballstáit; Prionsabal na hinfhaighteachta ina luaitear, má tá faisnéis ar fáil maidir le cion coiriúil i mBallstát, nach mór, mar riail ghinearálta, é a chur ar fáil do Bhallstáit eile chomh maith; Agus prionsabal na rúndachta lena ráthaítear go n-urramóidh na Ballstáit ceanglais rúndachta a chéile agus faisnéis den sórt sin á láimhseáil acu trí leibhéal comhchosúil cosanta a áirithiú.

(2) Malartú faisnéise tríd an Pointe Teagmhála Aonair (Airt. 4 go hAirt. 6)

Leagtar amach in Airteagal 4 roinnt ceanglas maidir le hiarrataí ar fhaisnéis arna seoladh chuig an bPointe Teagmhála Aonair. Baineann sé sin go háirithe le critéir lena dtugtar údar maith leis an iarraidh agus leis an bpráinn cháilitheach. Beidh an iarraidh le cur isteach ag Pointe Teagmhála Aonair na mBallstát eile nó, i gcás ina gcinnfidh Ballstát amhlaidh, ag údaráis forfheidhmithe dlí eile. Ní mór an teanga a úsáidtear don iarraidh a roghnú as measc liosta teangacha nach mór do gach Ballstát a leagan síos agus atá le foilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Bunaítear le hAirteagal 5 an oibleagáid ar an bPointe Aonair Teagmhála a fhaigheann na hiarrataí ar fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4 na hiarrataí a phróiseáil agus a fhreagairt laistigh de theorainneacha ama beachta, ar iarrataí iad nach bhféadfar maolú orthu ach amháin in imthosca áirithe a shonraítear go cúng, eadhon, nuair a bheidh údarú breithiúnach ag teastáil. Ní mór an fhaisnéis sin a sholáthar sa teanga chéanna a úsáidtear don iarraidh.

Leagtar síos in Airteagal 6 liosta uileghabhálach foras go bhféadfaidh an Pointe Aonair Teagmhála agairt a dhéanamh, i gcás ina mbeidh údar oibiachtúil leis, chun nochtadh na faisnéise iarrtha a dhiúltú, agus ní mór údarás ábhartha an Ballstát iarrthach a chur ar an eolas go pras ina leith. Foráiltear go mbeidh an deis ag an bPointe Aonair Teagmhála soiléiriú a lorg maidir le hinneachar na n-iarrataí, rud a chuirfidh na teorainneacha ama is infheidhme ar fionraí, ach ní dhéanfar sin ach amháin má tá gá go hoibiachtúil leis na soiléirithe ionas nach ndiúltófar an iarraidh. Maidir le soiléirithe eile a d'fhéadfaí a mheas a bheith riachtanach, ní dhéanfar aon fhionraí den sórt sin.

(3) Malartuithe faisnéise eile (Airt. 7 go hAirt. 8)

Bunaítear le hAirteagal 7 an oibleagáid atá ar na Ballstáit faisnéis a chomhroinnt go spontáineach le Ballstát nó le Ballstáit eile, i.e. ar thionscnamh an údaráis féin gan iarraidh ar fhaisnéis a bheith tíolactha, i gcás inar dócha go gcuideoidh an fhaisnéis sin le ceann de na cuspóirí a shonraítear sa Treoir a bhaint amach.

Áirithítear le hAirteagal 8 go gcoinneofar na Pointí Teagmhála Aonair ábhartha ar an eolas faoi aon mhalartú faisnéise arna iarraidh sin, seachas iarrataí a chuirtear faoi bhráid an Phointe Teagmhála Aonair, i.e. malartuithe faisnéise arna iarraidh sin a láimhseáil go díreach idir údaráis um fhorghníomhú an dlí i mBallstáit éagsúla nó ar iarrataí ar fhaisnéis arna gcur isteach ag Pointe Teagmhála Aonair d'údarás forfheidhmithe dlí i mBallstát eile. Áirítear leis sin malartuithe faisnéise ábhartha a dhéanann na Lárionaid Phóilíneachta agus Chustaim um Chomhar Custaim agus aon chomhlachtaí coibhéiseacha eile, a mhéid a cháilíonn siad mar údaráis um fhorfheidhmiú an dlí faoin Treoir atá beartaithe.

(4) Rialacha breise maidir le soláthar faisnéise faoi Chaibidil II agus Caibidil III (Airt. 9 go hAirt. 13)

Tugtar aghaidh in Airteagal 9 ar chásanna ina bhfuil gá le húdarú breithiúnach, faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit a bhfuil faisnéis ábhartha ar fáil dó, chun an fhaisnéis sin a sholáthar, arna iarraidh sin nó go spontáineach agus ag an bPointe Aonair Teagmhála nó ag údarás um fhorghníomhú an dlí. Leis an bhforáil seo, tugtar éifeacht do phrionsabal na rochtana coibhéisí agus sonraítear tuilleadh é, rud a chiallaíonn go gcaithfidh feidhm a bheith ag na coinníollacha céanna a bheag nó a mhór nuair a bhíonn an fhaisnéis a iarrtar faoi réir údarú breithiúnach, beag beann ar an bhfaisnéis a bheith le cur ar fáil d'údarás de chuid Ballstáit eile seachas d'údarás de chuid an Bhallstáit chéanna. Bunaítear leis an Airteagal seo freisin go gcaithfidh an t-údarás lena mbaineann gach beart is gá a dhéanamh láithreach, go praiticiúil agus go dlíthiúil, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, chun údarú breithiúnach den sórt sin a fháil a luaithe is féidir.

Leagtar amach in Airteagal 10 ceanglais áirithe arb é is aidhm dóibh cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta a áirithiú, rud a eascraíonn go háirithe as ailíniú le rialacha an LED.

Rialaítear le hAirteagal 11 an teanga atá le húsáid ag Pointí Teagmhála Aonair agus ag údaráis forfheidhmithe dlí sna cásanna a shonraítear sa Treoir seo, maidir le faisnéis a sholáthar iarbhír agus aon chumarsáid eile a bhaineann léi. Níl feidhm ag aon cheanglais teanga den sórt sin maidir leis na malartuithe díreacha faisnéise agus cumarsáidí eile dá dtagraítear in Airteagal 8. Tá ar na Ballstáit liosta de theangacha atá inghlactha acu a bhunú, agus ba cheart Béarla a bheith ar áireamh sa liosta sin freisin. Ní mór don Choimisiún na liostaí sin a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Tugtar isteach le hAirteagal 12 an oibleagáid atá ar na húdaráis forfheidhmithe dlí eile Europol (rud a chiallaíonn 'cur i gcóip') a choinneáil ar an eolas go córasach, a mhéid a bhaineann na malartuithe le coireanna a thagann faoi raon feidhme shainordú Europol mar a shonraítear ina bhunghníomh. Áirithítear leis an oibleagáid sin gur féidir le Europol a ról mar mhol faisnéise san Aontas a chomhlíonadh i ndáil le faisnéis atá ábhartha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.

Ceanglaítear le hAirteagal 13 ar gach údarás ábhartha an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA), arna bhainistiú ag Europol, a úsáid le haghaidh gach malartú faisnéise agus gach cumarsáid ghaolmhar a chumhdaítear leis an Treoir. Níl feidhm ag na rialacha sin maidir le húsáid éigeantach SIENA i gcás ina bhfuil ceanglais éagsúla i ngníomhartha sonracha de dhlí an Aontais maidir leis an gcainéal cumarsáide atá le húsáid,

mar shampla le haghaidh malartuithe faisnéise arna rialú le Rialachán SIS[46], ós rud é go ndéantar malartuithe faoi ghníomhartha sonracha den sórt sin a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo.

(5) Ceanglais íosta maidir le Pointe Teagmhála Aonair a bhunú mar eintiteas lárnach chun malartú faisnéise idir na Ballstáit a chomhordú (Airt. 14 go hAirt. 16)

Leis an gcúigiú bloc forálacha, leagtar amach an oibleagáid atá ar gach Ballstát Pointe Teagmhála Aonair a bhunú nó a ainmniú mar an eintiteas lárnach a chomhordaíonn malartuithe faisnéise idir a údaráis um fhorfheidhmiú an dlí agus údaráis na mBallstát eile laistigh de raon feidhme na Treorach agus cuirtear leis an oibleagáid sin. Leagtar amach ann líon íoscheanglais nach mór d'aon Phointe Aonair Teagmhála a chomhlíonadh.

Leagtar amach in Airteagal 14 cúraimí agus cumais an Phointe Aonair Teagmhála. Chun a fheidhmeanna a chur i gcrích, beidh rochtain ag an bPointe Aonair Teagmhála ar an bhfaisnéis is gá agus coinneofar ar an eolas é go córasach maidir le gach malartú faisnéise dírí idir a údaráis náisiúnta agus údaráis na mBallstát eile. Ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún faoi bhunú nó ainmniú na n bPointe Teagmhála Aonair laistigh de thréimhse shocraithe, agus ní mór na fógraí sin a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin.

Le hAirteagal 15 bunaítear íoscheanglais maidir le comhdhéanamh an Phointe Teagmhála Aonair, rud a fhágann méid áirithe solúbthachta ag gach Ballstát a eagrú agus a chomhdhéanamh beacht a chinneadh de réir mar is iomchuí ag brath ar a imthosca náisiúnta, ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais na Treorach.

Sainítear in Airteagal 16 na híoscheanglais do Chóras Bainistithe Cásanna na bPointe Teagmhála Aonair.

(6) Forálacha deiridh

Áirithítear leis na forálacha críochnaitheacha go ndéanfar faireachán cuí ar chur chun feidhme na Treorach atá beartaithe. Ar an gcéad dul síos, trí oibleagáid a chur ar na Ballstáit sraith íosta sonraí staidrimh a bhailiú agus a chur ar fáil ar bhonn bliantúil (Airteagal 17). Ar an dara dul síos, ag an gCoimisiún, tríd an oibleagáid tuairisc a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ag féachaint, inter alia, do na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit, lena gceadaítear, ar an tríú dul síos, don dá institiúid sin faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach agus (Airteagal 18).

Ar deireadh, pléitear in Airteagail 19, 20, 21, 22 agus 23 le roinnt saincheisteanna dlíthiúla agus teicniúla riachtanacha, eadhon, scriosadh nó aisghairm rialacha atá ann cheana agus a chuirtear in ionad rialacha na Treorach atá beartaithe, iad a thrasuí sa dlí náisiúnta, a thrasuí sa dlí náisiúnta, chomh maith le teacht i bhfeidhm agus seolaithe. Maidir leis na rialacha atá ann cheana in CISA (Airteagal 19), ní dhéantar Airteagal 39 de a ionadú ach amháin a mhéid a bhaineann sé le malartú faisnéise chun na críche a shonraítear sa Treoir atá beartaithe. Leanfaidh Airteagal 39 de bheith infheidhme maidir le foirmeacha eile de chomhar

[46] IO L 312, 7.12.2018, lch. 1-13. Rialachán 2018/1860 maidir le Córas Faisnéise Schengen a úsáid chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh; Rialachán 2018/1861 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 1987/2006; Rialachán 2018/1862 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 1986/2006 agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún, arna leasú.

póilíneachta a chumhdaítear leis an airteagal sin. I gcodarsnacht leis sin, cuirtear an Treoir atá beartaithe in ionad Airteagal 46 den CISA, a bhaineann go sonrach le malartú faisnéise den sórt sin, agus dá bhrí sin scriostar é.

2021/0411 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dhlí na mBallstát, lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 87(2), pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní mór freagairt chomhordaithe, spriocdhírithe agus oiriúnaithe a thabhairt i gcás bagairtí trasnáisiúnta a bhaineann le gníomhaíochtaí coiriúla. Cé go bhfuil na húdaráis náisiúnta atá ag oibriú ar an láthair ar thús cadhnaíochta sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta, tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ríthábhachtach chun comhar éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú, lena n-áirítear maidir le malartú faisnéise. Ina theannta sin, is iad an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht, go háirithe, a léiríonn an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach. Téann na bagairtí sin thar theorainneacha agus feictear iad sa choireacht eagraithe agus i ngrúpaí sceimhlitheoireachta a bhíonn i mbun raon leathan gníomhaíochtaí coiriúla.

(2) I limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha, ba cheart deis a bheith ag póilíní i mBallstát amháin, faoi chuimsiú an dlí Aontais agus náisiúnta is infheidhme, rochtain choibhéiseach a fháil ar an bhfaisnéis atá ar fáil dá gcomhghleacaithe i mBallstát eile. I ndáil leis sin, ba cheart d'údaráis forfheidhmithe dlí comhoibriú go héifeachtach agus trí réamhshocrú ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, is cuid bhunriachtanach de na bearta is buntaca leis an tslándáil phoiblí i limistéar idirspleách gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha comhar póilíneachta maidir le malartú faisnéise ábhartha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Tá an malartú faisnéise maidir le coireacht agus gníomhaíochtaí coiriúla, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, ag fónamh don chuspóir foriomlán, mar atá, slándáil daoine nádúrtha a chosaint.

(3) Tá malartú faisnéise idir Ballstáit chun críocha cionta coiriúla a chosc agus a bhrath á rialú ag an gCoinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985[47] a chur chun feidhme, a glacadh an 19 Meitheamh 1990, go háirithe ina

[47] An Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (IO L 239, 22.9.2000, lch. 19).

Airteagail 39 agus 46 de. Tháinig Cinneadh Réime 2006/960/CGB[48] ón gComhairle in ionad na bhforálacha sin go páirteach agus tugadh isteach rialacha nua chun eolas agus faisnéis a mhalartú idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát.

(4) Léirigh meastóireachtaí, lena n-áirítear na meastóireachtaí a rinneadh faoi Rialachán (AE) 1053/2013[49] ón gComhairle, nach bhfuil Cinneadh Réime 2006/960/CGB sách soiléir agus nach n-áirithítear leis malartú leormhaith agus mear faisnéise ábhartha idir na Ballstáit. Thug meastóireachtaí le fios freisin gur ar éigean a úsáidtear an Cinneadh Réime sa chleachtas, i bpáirt mar gheall ar an easpa soiléireachta sa chleachtas idir raon feidhme an Choinbhinsiúin lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus raon feidhme an Chinnidh Réime sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an creat dlíthiúil atá ann cheana, ina bhfuil forálacha ábhartha an Choinbhinsiúin lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Cinneadh Réime 2006/960/CGB, a thabhairt cothrom le dáta agus a ionadú, ionas go n-éascófar agus go n-áiritheofar, trí rialacha soiléire agus comhchuibhithe, malartú leormhaith agus mear faisnéise idir na húdaráis forfheidhmithe dlí inniúla sna Ballstáit éagsúla.

(6) Go háirithe, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na neamhréitigh idir na forálacha ábhartha den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Cinneadh Réime 2006/960/CGB trí mhalartuithe faisnéise a chumhdach d'fhonn cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus ar an gcaoi sin sáraíocht iomlán a dhéanamh, a mhéid a bhaineann le malartuithe den sórt sin, ar Airteagail 39 agus 46 den Choinbhinsiún sin agus, ar an gcaoi sin, an deimhneacht dhlíthiúil is gá a sholáthar. Ina theannta sin, ba cheart na rialacha ábhartha a shimpliú agus a shoiléiriú, ionas go n-éascófar a gcur i bhfeidhm éifeachtach iarbhír.

(7) Is gá rialacha a leagan síos lena rialófar gnéithe trasearnálacha den mhalartú faisnéise sin idir na Ballstáit. Níor cheart do rialacha na Treoracha seo difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm rialacha dhlí an Aontais maidir le córais nó creata sonracha le haghaidh na malartuithe sin, amhail faoi Rialacháin (AE) 2018/1860[50], (AE) 2018/1861[51], (AE) 2018/1862[52], agus (AE) 2016/794[53] ó Pharlaimint na hEorpa agus

---

48 Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir leis an malartú eolais agus faisnéise a shimpliú idir na húdaráis forfheidhmithe dlí, ar údaráis de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh iad (IO L 386, 29.12.2006, lch. 89).

49 Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).

50 Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1).

51 Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

52 Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 1986/2006 agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

53 Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena

ón gComhairle, Treoracha (AE) 2016/681[54] agus 2019/1153[55] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Cinntí 2008/615/JHA[56] agus 2008/616/JHA ón gComhairle[57].

(8) Ní rialaítear soláthar agus úsáid faisnéise mar fhianaise in imeachtaí breithiúnacha leis an Treoir seo. Go háirithe, níor cheart a thuiscint go mbunaítear ceart chun úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a sholáthraítear faoin Treoir seo mar fhianaise agus, dá bhrí sin, ní dhéantar difear d'aon cheanglas dá bhforáiltear sa dlí is infheidhme chun toiliú a fháil ón mBallstát a sholáthraíonn an fhaisnéis don úsáid sin. Fágann an Treoir seo nach ndéantar difear do ghníomhartha de chuid dhlí an Aontais maidir le fianaise, amhail Rialachán (AE).../...[58] *[maidir le hOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrdú Eorpach um Chaomhnú i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla*] agus Treoir (AE).../...[59] [*lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla*].

(9) Ba cheart gach malartú faisnéise faoin Treoir seo a bheith faoi réir trí phrionsabal ghinearálta, eadhon prionsabail infhaighteachta, rochtain choibhéiseach agus rúndacht. Cé go bhfuil na prionsabail sin gan dochar d'fhorálacha níos sonraí na Treorach seo, ba cheart dóibh a léirmhíniú agus a cur i bhfeidhm a threorú i gcás inarb ábhartha. Mar shampla, ba cheart an tuiscint a bhaint as prionsabal na hinfhaighteachta gur cheart go gcuirfí faisnéis ábhartha atá ar fáil don Phointe Teagmhála Aonair nó d'údaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát amháin ar fáil, a mhéid is féidir, do Bhallstáit eile. Mar sin féin, níor cheart don phrionsabal difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm, i gcás ina mbeidh bonn cirt leis, forálacha sonracha na Treorach seo lena gcuirtear srian le hinfhaighteacht faisnéise, amhail na forálacha sin ar na forais le diúltú d'iarrataí ar fhaisnéis agus ar údarú breithiúnach. Ina theannta sin, de bhun phrionsabal na rochtana coibhéisí, ba cheart rochtain an phointe teagmhála aonair agus rochtain na n-údarás forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile ar fhaisnéis ábhartha a bheith go mór mar an gcéanna leis an rochtain atá ag ceann amháin agus ag na Ballstáit chéanna, faoi réir fhorálacha níos sonraí na Treorach, agus, dá bhrí sin, nach mbeadh an rochtain sin níos déine ná chomh dian leis an rochtain sin.

---

n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

54 Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132).

55 Treoir (AE) 2019/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile chun coireanna coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle (IO L 186, 11.7.2019, lch. 122).

56 Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1).

57 Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le comhar trasteorann a ghéarú, go háirithe chun sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12). Tá sé beartaithe le togra le haghaidh Rialachán maidir le malartú uathoibríoch sonraí le haghaidh comhar póilíneachta ('Prüm II'), codanna de na Cinntí sin ón gComhairle a aisghairm.

58 Togra le haghaidh Rialacháin, COM/2018/225 final – 2018/0108 (COD).

59 Togra le haghaidh Treorach, COM/2018/226 final – 2018/0107 (COD).

(10) Chun an cuspóir a bhaint amach maidir le malartú leormhaith agus mear faisnéise idir na Ballstáit a éascú agus a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin a fháil trí iarraidh ar fhaisnéis a dhíriú chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit eile lena mbaineann, i gcomhréir le ceanglais shoiléire, shimplithe agus chomhchuibhithe áirithe. Maidir le hábhar na n-iarrataí sin ar fhaisnéis, ba cheart, go háirithe, é a shonrú ar bhealach uileghabhálach agus mionsonraithe go leordhóthanach agus gan dochar don ghá atá le measúnú cás ar chás, i gcás ina measfar gur iarratais phráinneacha iad agus cad iad na mínithe is lú is gá a bheith iontu.

(11) Cé gur cheart go mbeadh deis ag pointí teagmhála aonair i ngach Ballstát, ar chaoi ar bith, iarrataí ar fhaisnéis a chur isteach chuig pointe teagmhála aonair Ballstáit eile, ar mhaithe le solúbthacht, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a chinneadh go bhféadfaidh a n-údaráis forfheidhmithe dlí, ina theannta sin, iarrataí den sórt sin a chur isteach freisin. Chun go mbeidh na pointí teagmhála aonair in ann a bhfeidhmeanna comhordaitheacha faoin Treoir seo a chomhlíonadh, is gá, áfach, i gcás ina nglacfaidh Ballstát cinneadh den sórt sin, go gcuirfear a phointe teagmhála aonair ar an eolas faoi gach iarraidh den sórt sin a chuirfear amach, agus faoi aon teachtaireacht a bhaineann leis sin, trí é a chur i gcóip i gcónaí.

(12) Tá gá le teorainneacha ama chun a áirithiú go ndéanfar próiseáil mhear ar iarrataí ar fhaisnéis arna gcur isteach chuig pointe teagmhála aonair. Ba cheart na teorainneacha ama sin a bheith soiléir agus comhréireach agus ba cheart a chur san áireamh leo an bhfuil práinn leis an iarraidh ar fhaisnéis agus an bhfuil réamhúdarú breithiúnach ag teastáil. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar na teorainneacha ama is infheidhme ach, ag an am céanna, leibhéal áirithe solúbthachta a cheadú i gcás ina mbeidh bonn cirt oibiachtúil leis, is gá gan dialltaí a cheadú, ar bhonn eisceachtúil, ach amháin i gcás ina mbeidh gá ag údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit iarrtha le cinneadh a dhéanamh maidir leis an údarú breithiúnach is gá a dheonú agus sa mhéid sin amháin. D'fhéadfadh gá den sórt sin teacht chun cinn, mar shampla, mar gheall ar raon feidhme leathan nó ar chastacht na n-ábhar a eascraíonn as an iarraidh ar fhaisnéis.

(13) I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh údar oibiachtúil a bheith ag Ballstát iarraidh ar fhaisnéis arna cur faoi bhráid pointe teagmhála aonair a dhiúltú. Chun feidhmiú éifeachtach an chórais a chruthaítear leis an Treoir seo a áirithiú, ba cheart na cásanna sin a shonrú agus a léirmhíniú go sriantach. I gcás nach mbaineann, ach codanna den fhaisnéis lena mbaineann iarraidh den sórt sin ar fhaisnéis, leis na cúiseanna ar diúltaíodh an iarraidh, cuirfear an fhaisnéis eile ar fáil laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos leis an Treoir seo. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an deis soiléirithe a iarraidh agus, dá réir, ba cheart na teorainneacha ama is infheidhme a chur ar fionraí. Mar sin féin, níor cheart an deis sin a bheith ann ach amháin i gcás ina bhfuil na soiléirithe riachtanach go hoibiachtúil agus comhréireach, sa mhéid is go gcaithfí an iarraidh ar fhaisnéis a dhiúltú murach sin ar cheann amháin de na cúiseanna a liostaítear sa Treoir seo. Ar mhaithe le comhar éifeachtach, ba cheart é a bheith fós indéanta soiléirithe riachtanacha a iarraidh i gcásanna eile freisin, gan na teorainneacha ama a bheith ar fionraí, áfach.

(14) D'fhonn an tsolúbthacht is gá a cheadú i bhfianaise na riachtanas oibríochtúil a d'fhéadfadh a bheith éagsúil sa chleachtas, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le dhá mhodh eile chun faisnéis a mhalartú, de bhreis ar iarrataí ar fhaisnéis arna gcur faoi bhráid na bpointí teagmhála aonair. Is é atá sa chéad cheann faisnéis a sholáthar go huathoibríoch, is é sin, ar thionscnamh an phointe teagmhála aonair nó na n-údarás forfheidhmithe dlí gan iarraidh roimh ré. Is é atá sa dara ceann faisnéis a sholáthar ar iarrataí ar fhaisnéis arna gcur isteach ag pointí teagmhála aonair nó ag údaráis

forfheidhmithe dlí, ní chuig an bpointe teagmhála aonair, ach go díreach chuig na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát eile. Leis an dá mhodh, níor cheart ach líon teoranta ceanglas íosta a leagan síos, go háirithe maidir leis na pointí teagmhála aonair a choinneáil ar an eolas agus, maidir le faisnéis a sholáthar ar a thionscnamh féin, leis na cásanna ina bhfuil faisnéis le soláthar agus leis an teanga a úsáidfear.

(15) Is féidir leis an gceanglas maidir le húdarú breithiúnach roimh ré chun faisnéis a sholáthar a bheith ina chosaint thábhachtach. Tá córais dlí na mBallstát éagsúil ina leith seo agus níor cheart a thuiscint go ndéanann an Treoir seo difear do na ceanglais sin arna mbunú faoin dlí náisiúnta, seachas iad a chur faoi réir an choinníll go gcaithfear le malartuithe intíre agus malartuithe idir na Ballstáit ar bhealach coibhéiseach, maidir leis an tsubstaint agus maidir leis an nós imeachta araon. Ina theannta sin, d'fhonn aon mhoill agus aon deacracht a bhaineann le cur i bhfeidhm ceanglais den sórt sin a choinneáil chomh híseal agus is féidir, ba cheart do phointe teagmhála aonair nó d'údaráis forfheidhmithe dlí Bhallstát an údaráis bhreithiúnaigh inniúil, de réir mar is infheidhme, gach céim phraiticiúil agus dhlíthiúil a ghlacadh, i gcás inarb ábhartha i gcomhar le pointe teagmhála aonair nó le húdarás forfheidhmithe dlí Ballstáit eile a d'iarr an fhaisnéis, chun an t-údarú breithiúnach a fháil a luaithe is féidir.

(16) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go n-áiritheofar cosaint sonraí pearsanta, i gcomhréir le dlí an Aontais, i ndáil leis na malartuithe faisnéise uile faoin Treoir seo. Chuige sin, ba cheart rialacha na Treorach seo a ailíniú le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60]. Go háirithe, ba cheart a shonrú go leanfaidh aon sonraí pearsanta arna malartú ag pointí teagmhála aonair agus ag údaráis forfheidhmithe dlí de bheith teoranta do na catagóirí sonraí a liostaítear i Roinn B pointe 2, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61]. Ina theannta sin, a mhéid is féidir, ba cheart aon sonraí pearsanta den sórt sin a idirdhealú de réir leibhéal cruinnis agus iontaofachta na sonraí sin, ionas gur cheart fíricí a idirdhealú ó mheasúnuithe pearsanta, chun cosaint daoine aonair agus cáilíocht agus iontaofacht na faisnéise a mhalartaítear a áirithiú. Má dhealraíonn sé go bhfuil na sonraí pearsanta mícheart, ba cheart iad a cheartú nó a léirscriosadh gan mhoill. Ba cheart ceartú nó léirscriosadh den sórt sin, mar aon le haon phróiseáil eile ar shonraí pearsanta i dtaca leis na gníomhaíochtaí faoin Treoir seo, a dhéanamh i gcomhréir le rialacha infheidhme dhlí an Aontais, go háirithe Treoir (AE) 2016/680 agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62], ar rialacha iad nach ndéantar difear dóibh leis an Treoir seo.

---

60 Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

61 Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

62 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(17) Ionas go bhféadfaidh na pointí teagmhála aonair faisnéis a sholáthar go leormhaith agus go mear, arna iarraidh sin nó ar a dtionscnamh féin, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh oifigigh ábhartha na mBallstát lena mbaineann a chéile. Is minic a chuireann bacainní teanga isteach ar mhalartú trasteorann faisnéise. Ar an gcúis sin, ba cheart rialacha a bhunú maidir le húsáid teangacha ina gcuirfear iarrataí ar fhaisnéis a chuirfear faoi bhráid na bpointí teagmhála aonair ar fáil, an fhaisnéis atá le cur ar fáil ag na pointí teagmhála aonair mar aon le haon chumarsáid eile a bhaineann leo, amhail diúltuithe agus soiléirithe. Ba cheart do na rialacha sin cothromaíocht a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, urraim a thabhairt don éagsúlacht teanga laistigh den Aontas agus costais an aistriúcháin a choimeád chomh teoranta agus is féidir agus, ar an taobh eile, na riachtanais oibríochtúla a bhaineann le malartú leormhaith agus mear faisnéise thar theorainneacha. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit liosta a bhunú ina mbeidh teanga oifigiúil amháin nó níos mó de chuid an Aontais dá rogha féin, ach ina mbeadh teanga amháin freisin a thuigtear go forleathan agus a úsáidtear go praiticiúil, eadhon Béarla.

(18) Is tosaíocht é tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) a bheith ina mhol faisnéise coiriúla don Aontas. Is é sin an fáth, nuair a dhéantar faisnéis nó aon chumarsáid ghaolmhar a mhalartú, is cuma má dhéantar sin de bhun iarrata ar fhaisnéis arna tíolacadh chuig pointe teagmhála aonair nó chuig údarás forfheidhmithe dlí, nó ar a dtionscnaimh féin, nár cheart cóip a sheoladh chuig Europol, ach a mhéid a bhaineann sé le cionta a thagann faoi raon feidhme chuspóirí Europol. Sa chleachtas, is féidir é sin a dhéanamh trí thic a chur sa bhosca SIENA comhfhreagrach trí réamhshocrú.

(19) Ba cheart iomadú na mbealaí cumarsáidí a úsáidtear chun faisnéis forfheidhmithe dlí a tharchur idir Ballstáit agus teachtaireachtaí a bhaineann léi a leigheas, toisc go gcuireann sé bac ar mhalartú leormhaith agus mear na faisnéise sin. Dá bhrí sin, maidir le húsáid an iarratais ar líonra slán um malartú faisnéise dá ngairtear SIENA, arna bhainistiú ag Europol i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794, ba cheart an úsáid sin a dhéanamh éigeantach do gach tarchur agus cumarsáid den sórt sin faoin Treoir seo, lena n-áirítear iarrataí ar fhaisnéis arna gcur faoi bhráid na bpointí teagmhála aonair agus go díreach chuig údaráis um fhorghníomhú an dlí a sheoladh, faisnéis a chur ar fáil ar iarrataí den sórt sin agus ar a dtionscnamh féin, cumarsáidí maidir le diúltuithe agus soiléirithe, chomh maith le cóipeanna chuig pointí teagmhála aonair agus chuig Europol. Chuige sin, ba cheart nasc díreach a bheith ag na pointí teagmhála aonair uile, chomh maith leis na húdaráis forfheidhmithe dlí uile a d'fhéadfadh a bheith páirteach i malartuithe den sórt sin, le SIENA. I ndáil leis sin, ba cheart foráil a dhéanamh d'idirthréimhse, áfach, chun go bhféadfar SIENA a chur i bhfeidhm go hiomlán.

(20) Chun sreabha faisnéise a shimpliú, a éascú agus a bhainistiú níos fearr, ba cheart do gach Ballstát pointe teagmhála aonair amháin a bhunú nó a ainmniú a bheidh inniúil chun malartuithe faisnéise faoin Treoir seo a chomhordú. Ba cheart do na pointí teagmhála aonair, go háirithe, rannchuidiú le hilroinnt réimse oibre na n-údarás forfheidhmithe dlí a mhaolú, go háirithe i ndáil le sreabha faisnéise, mar fhreagairt ar an ngá méadaitheach atá ann dul i ngleic go comhpháirteach le coireacht trasteorann, amhail gáinneáil ar dhrugaí agus sceimhlitheoireacht. Chun go mbeidh na pointí teagmhála aonair in ann a bhfeidhmeanna comhordaithe a chomhlíonadh go héifeachtach i ndáil le malartú trasteorann faisnéise chun críocha fhorfheidhmiú an dlí faoin Treoir seo, ba cheart roinnt íoschúraimí sonracha a shannadh dóibh agus ba cheart íoschumais áirithe a bheith acu freisin.

(21) Ba cheart a áireamh ar chumais na bpointí teagmhála aonair sin rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil laistigh dá Bhallstát féin, lena n-áirítear trí rochtain sholáimhsithe a bheith acu ar gach bunachar sonraí agus ardán ábhartha de chuid an Aontais agus idirnáisiúnta, i gcomhréir leis na módúlachtaí a shonraítear i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta is infheidhme. Chun go mbeidh na pointí teagmhála aonair in ann ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh, go háirithe na ceanglais a bhaineann leis na teorainneacha ama, ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do na pointí teagmhála aonair, lena n-áirítear acmhainneachtaí aistriúcháin leordhóthanacha, agus ba cheart dóibh a bheith ag feidhmiú de ló agus d'oíche. I ndáil leis sin, má bhíonn deasc thosaigh in ann iarrataí ar fhaisnéis a bheadh ag teacht isteach a scagadh, a phróiseáil agus a sheoladh, d'fhéadfadh sé cur lena n-éifeachtúlacht agus lena n-éifeachtacht. Ba cheart a áireamh ar na cumais sin freisin údaráis bhreithiúnacha a bheith i láthair, i gcónaí, atá inniúil chun údaruithe breithiúnacha riachtanacha a dheonú. Sa chleachtas, is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trína áirithiú go mbeidh na húdaráis bhreithiúnacha sin i láthair go fisiciúil nó go mbeidh siad ar fáil go feidhmiúil, bíodh siad laistigh d'áitreabh an phointe teagmhála aonair nó ar fáil go díreach arna n-iarraidh sin.

(22) Chun go mbeidh siad in ann a bhfeidhmeanna comhordaithe a fheidhmiú go héifeachtach faoin Treoir seo, ba cheart na pointí teagmhála aonair a bheith comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta a bhfuil gá lena rannpháirtíocht chun faisnéis a mhalartú go leormhaith agus go mear faoin Treoir seo. Cé gur faoi gach Ballstát atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an eagrú beacht agus an comhdhéanamh is gá chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, féadfaidh póilíní, údaráis chustaim agus údaráis forfheidhmithe dlí eile a bheith ar na hionadaithe sin atá inniúil chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, mar aon le pointí teagmhála féideartha do na hoifigí réigiúnacha agus déthaobhacha, amhail oifigigh idirchaidrimh agus *attaché*-anna ar iasacht nó arna bpostú i mBallstáit eile agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais um fhorfheidhmiú an dlí, amhail Europol. Ar mhaithe le comhordú éifeachtach, áfach, ar a laghad, ba cheart na pointí teagmhála aonair a bheith comhdhéanta d'ionadaithe ó aonad náisiúnta Europol, ó Bhiúró SIRENE, ón aonad um fhaisnéis faoi phaisinéirí agus ó Bhiúró Lárnach Náisiúnta Interpol, mar a bunaíodh faoin reachtaíocht ábhartha agus d'ainneoin nach bhfuil an Treoir seo infheidhme maidir le malartuithe faisnéise a rialaítear go sonrach le reachtaíocht sin an Aontais.

(23) Tá gá le cur i bhfeidhm agus oibriú córais bainistithe cásanna aonair leictreonaigh a bhfuil feidhmeanna agus íoschumais áirithe ag na pointí teagmhála aonair chun gur féidir leo a gcúraimí faoin Treoir seo a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, go háirithe maidir le bainistiú faisnéise.

(24) Chun go mbeifear in ann an faireachán agus an mheastóireacht is gá a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit sonraí áirithe a bhailiú agus a sholáthar don Choimisiún ar bhonn bliantúil. Tá an ceanglas seo riachtanach, go háirithe, chun leigheas a fháil ar an easpa sonraí inchomparáide lena ndéantar malartuithe faisnéise ábhartha a chainníochtú agus chun oibleagáid tuairiscithe an Choimisiúin a éascú.

(25) Mar gheall ar ghné thrasteorann na coireachta agus na sceimhlitheoireachta, ní mór do na Ballstáit brath ar a chéile chun dul i ngleic leis na cionta coiriúla sin. Ní féidir leis na Ballstáit, agus iad ag gníomhú leo féin, sreafaí faisnéise leormhaithe agus meara a bhaint amach idir na húdaráis forfheidhmithe dlí ábhartha agus chuig Europol. De bharr scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta, is fearr is féidir é sin a bhaint amach ar

leibhéal an Aontais trí rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le malartú faisnéise. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(26) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Treoir seo le *acquis* Schengen, ba cheart an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, a chinneadh laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Treoir seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta í.

(27) Is é atá sa Treoir seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen a bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[63]; Dá bhrí sin, tá Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus tá sí faoi cheangal aici.

(28) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Treoir seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen[64] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe H, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[65].

(29) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Treoir seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[66] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe H, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[67] agus le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/149/JHA ón gComhairle[68].

(30) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Treoir seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin

---

63 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de chuid *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002).

64 IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

65 Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999).

66 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

67 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008).

68 Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008).

leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[69] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe H, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[70] agus le hAirteagal de Chinneadh 2011/349/AE ón gComhairle[71],

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1
Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Treoir seo, bunaítear rialacha maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát i gcás inar gá chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

   Go háirithe, leis an Treoir seo bunaítear rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) iarrataí ar fhaisnéis a chuirtear faoi bhráid na bpointí teagmhála aonair arna mbunú nó arna n-ainmniú ag na Ballstáit, go háirithe maidir le hábhar na n-iarrataí sin, teorainneacha ama éigeantacha chun an fhaisnéis iarrtha a sholáthar, na cúiseanna le diúltú na n-iarrataí sin agus an bealach cumarsáide a bheidh le húsáid i dtaca leis na hiarrataí sin;

   (b) faisnéis ábhartha a sholáthar ar a thionscnamh féin do phointí teagmhála aonair nó do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile, go háirithe na cásanna agus an bealach ina soláthrófar an fhaisnéis sin;

   (c) an bealach cumarsáide atá le húsáid le haghaidh gach malartaithe faisnéise agus an fhaisnéis atá le cur ar fáil do na pointí teagmhála aonair i ndáil le faisnéis a mhalartú go díreach idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát;

   (d) bunú an phointe teagmhála aonair, maille lena chúraimí, a chomhdhéanamh agus a chumais, lena n-áirítear maidir le córas bainistithe cásanna leictreonach amháin a chur in úsáid chun a chúraimí a chomhlíonadh.

---

69 IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

70 Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011).

71 Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus leis an gcomhar póilíneachta (IO L 160, 18.6.2011).

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le malartuithe faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú ar cionta iad a rialaítear go sonrach le gníomhartha eile de dhlí an Aontais.

3. Leis an Treoir seo, ní fhorchuirtear aon oibleagáid ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis a fháil trí bhíthin bearta comhéigneacha, arna ndéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, chun í a sholáthar do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile;

(b) faisnéis a stóráil chun na críche dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) faisnéis a chur ar fáil do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile lena húsáid mar fhianaise in imeachtaí breithiúnacha

4. Leis an Treoir seo, ní bhunaítear aon cheart chun an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an Treoir seo a úsáid mar fhianaise in imeachtaí breithiúnacha.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críoch na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn ‘údarás forfheidhmithe dlí’ aon údarás de chuid na mBallstát atá inniúil faoin dlí náisiúnta chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;

(2) ciallaíonn ‘cionta coiriúla’ aon cheann díobh seo a leanas:

(a) cionta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle[72];

(b) cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2016/794;

(c) coireanna cánach a bhaineann le cánacha díreacha agus indíreacha, mar atá siad leagtha síos sa dlí náisiúnta;

(3) ciallaíonn ‘faisnéis’ aon ábhar a bhaineann le duine nádúrtha amháin nó níos mó, le fíricí nó le himthosca atá ábhartha d’údaráis forfheidhmithe dlí i dtaca le feidhmiú a gcúraimí faoin dlí náisiúnta maidir le cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;

(4) ciallaíonn faisnéis atá ‘ar fáil’ faisnéis atá ina sheilbh ag pointe teagmhála aonair nó ag údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha, nó faisnéis ar féidir leis na pointí teagmhála sin nó na húdaráis forfheidhmithe dlí sin a fháil ó údaráis phoiblí eile nó ó pháirtithe príobháideacha atá bunaithe sa Bhallstát sin gan bearta comhéigneacha a dhéanamh;

(5) Ciallaíonn ‘SIENA’ an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise, arna bhainistiú ag Europol, feidhmchlár atá dírithe ar mhalartú faisnéise a éascú idir na Ballstáit agus Europol;

(6) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ sonraí pearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (1) de Rialachán (AE) 2016/679.

[72] Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1).

Airteagal 3

Prionsabail an mhalartaithe faisnéise

I dtaca leis na malartuithe faisnéise uile faoin Treoir seo, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go ndéantar aon fhaisnéis ábhartha atá ar fáil don phointe teagmhála aonair nó d'údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát a sholáthar don phointe teagmhála aonair nó do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile ('prionsabal na hinfhaighteachta');

(b) na coinníollacha faoina n-iarrfar faisnéis ar an bpointe teagmhála aonair nó ar na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile, agus na coinníollacha maidir le faisnéis a chur ar fáil do na pointí teagmhála aonair agus na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile, go bhfuil siad coibhéiseach leis na coinníollacha is infheidhme maidir le faisnéis chomhchosúil a iarraidh óna n-údaráis forfheidhmithe dlí féin agus a sholáthar dóibh ('prionsabal na rochtana coibhéisí');

(c) an fhaisnéis a sholáthraítear don phointe teagmhála aonair nó do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát eile agus atá marcáilte mar fhaisnéis rúnda, go bhfuil an fhaisnéis sin cosanta ag na húdaráis forfheidhmithe dlí sin í i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i ndlí náisiúnta an Bhallstáit sin, ar ceanglais iad a bhfuil an leibhéal céanna rúndachta i gceist leo ('prionsabal na rúndachta').

Caibidil II

Malartuithe faisnéise trí phointí teagmhála aonair

Airteagal 4

Iarrataí ar fhaisnéis chuig an bpointe teagmhála aonair

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a bpointe teagmhála aonair agus, i gcás ina mbeidh cinneadh déanta acu amhlaidh, a n-údaráis forfheidhmithe dlí, iarrataí ar fhaisnéis faoi bhráid phointí teagmhála aonair na mBallstát eile i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 2 go 5.

   I gcás ina gcinnfidh Ballstát gurb amhlaidh, de bhreis ar a phointe teagmhála aonair, go bhféadfaidh a údaráis forfheidhmithe dlí iarrataí ar fhaisnéis a chur faoi bhráid phointí teagmhála aonair na mBallstát eile, áiritheoidh sé go seolfaidh na húdaráis sin, an tráth céanna a chuirfidh siad na hiarrataí sin isteach, cóip de na hiarrataí sin agus d'aon chumarsáid eile a bhaineann leo, chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit sin.

2. Ní chuirfear iarrataí ar fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair Ballstáit eile ach amháin i gcás ina bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann leis an méid seo a leanas a chreidiúint:

   (a) go bhfuil an fhaisnéis iarrtha riachtanach agus comhréireach chun an cuspóir dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a bhaint amach;

   (b) go bhfuil an fhaisnéis iarrtha ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha.

3. Aon iarraidh ar fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair i mBallstát eile, sonrófar an bhfuil práinn léi nó nach bhfuil.

Measfar na hiarrataí ar fhaisnéis sin a bheith práinneach más rud é, ag féachaint d'fhíorais agus d'imthosca ábhartha uile an cháis i dtrácht, go bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann lena chreidiúint go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas fíor i leith na faisnéise iarrtha:

(a) tá an fhaisnéis iarrtha fíor-riachtanach chun bagairt thromchúiseach láithreach do shlándáil phoiblí Ballstáit a chosc;

(b) tá an fhaisnéis iarrtha riachtanach chun leasanna ríthábhachtacha duine atá i ngarbhaol a chosaint;

(c) tá an fhaisnéis iarrtha riachtanach chun cinneadh a ghlacadh a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis bearta sriantacha a choimeád ar bun arb ionann iad agus cailleadh saoirse;

(d) tá garbhaol ann nach mbeidh an fhaisnéis iarrtha ábhartha a thuilleadh mura gcuirfear ar fáil go práinneach í.

4. Beidh gach míniú is gá in iarrataí ar fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair Ballstáit eile chun a bpróiseáil leormhaith agus mhear a áirithiú i gcomhréir leis an Treoir seo, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) sonrú ar an bhfaisnéis iarrtha atá chomh mionsonraithe agus is féidir le réasún sna himthosca áirithe;

(b) tuairisc ar an gcuspóir a bhfuil an fhaisnéis á hiarraidh chuige;

(c) na cúiseanna oibiachtúla ar dá réir a chreidtear go bhfuil an fhaisnéis iarrtha ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha;

(d) míniú ar an nasc idir an cuspóir agus an duine nó na daoine lena mbaineann an fhaisnéis, i gcás inarb infheidhme;

(e) na cúiseanna a meastar go bhfuil an iarraidh phráinneach, i gcás inarb infheidhme.

5. Cuirfear iarrataí ar fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair Ballstáit eile isteach i gceann de na teangacha a áirítear sa liosta arna bhunú ag an mBallstát iarrtha agus foilseofar iad i gcomhréir le hAirteagal 11.

Airteagal 5

Soláthar faisnéise de bhun iarrataí chuig an bpointe teagmhála aonair

1. Faoi réir mhír 2 den Airteagal seo agus faoi réir Airteagal 6(3), áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh a bpointe teagmhála aonair an fhaisnéis a iarradh i gcomhréir le hAirteagal 4 a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de na teorainneacha ama seo a leanas, de réir mar is infheidhme:

(a) ocht n-uaire an chloig, i gcás iarrataí práinneacha a bhaineann le faisnéis atá ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha gan a bheith orthu údarú breithiúnach a fháil;

(b) trí lá féilire, i gcás iarrataí práinneacha a bhaineann le faisnéis atá ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha faoi réir ceanglas maidir le húdarú breithiúnach a fháil;

(c) seacht lá féilire, i gcás gach iarrata nach bhfuil práinneach.

Tosóidh na tréimhsí ama a leagtar síos sa chéad fhomhír tráth a bhfaighfear an iarraidh ar fhaisnéis.

2. I gcás nach mbeidh an fhaisnéis iarrtha ar fáil faoina dhlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 9 go dtí go mbeidh údarú breithiúnach faighte aige, féadfaidh an Ballstát iarrtha imeacht ó na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1 a mhéid is gá chun an t-údarú sin a fháil.

I gcásanna den sórt sin, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair an dá ní seo a leanas:

(i) an pointe teagmhála aonair nó, i gcás inarb infheidhme, údarás forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrthaigh a chur ar an eolas láithreach maidir leis an moill a mheastar a bheidh ann, agus sonrófar ann fad na moille a mheastar a bheidh ann agus na cúiseanna atá léi;

(ii) an fhaisnéis a choinneáil cothrom le dáta ina dhiaidh sin agus an fhaisnéis iarrtha a chur ar fáil a luaithe is féidir tar éis an t-údarú breithiúnach a fháil.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh a bpointe teagmhála aonair an fhaisnéis a iarradh i gcomhréir le hAirteagal 4 don phointe teagmhála aonair nó, i gcás inarb infheidhme, d'údarás forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrthaigh, sa teanga inar cuireadh an iarraidh ar fhaisnéis sin isteach i gcomhréir le hAirteagal 4(5).

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina soláthróidh a bpointe teagmhála aonair an fhaisnéis iarrtha d'údarás forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrthaigh, go seolfaidh sé freisin, an tráth céanna, cóip den fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit sin.

Airteagal 6
Iarratais ar fhaisnéis a dhiúltú

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndiúltóidh a bpointe teagmhála aonair an fhaisnéis a iarradh i gcomhréir le hAirteagal 4 a sholáthar ach amháin a mhéid go mbeidh feidhm ag aon cheann de na cúiseanna seo a leanas:

(a) níl an fhaisnéis iarrtha ar fáil do phointe teagmhála aonair ná d'údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrtha;

(b) ní chomhlíonann an iarraidh ar fhaisnéis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4;

(c) diúltaíodh an t-údarú breithiúnach a éilítear faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit iarrtha i gcomhréir le hAirteagal 9;

(d) is éard atá san fhaisnéis iarrtha, sonraí pearsanta seachas na sonraí a thagann faoi na catagóirí sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (i);

(e) tá cúiseanna oibiachtúla ann lena chreidiúint go mbeadh ceann de na cásanna seo a leanas i gceist dá ndéanfadh an fhaisnéis iarrtha a sholáthar:

(i) bheadh sé ag teacht salach ar leasanna bunúsacha shlándáil an Bhallstáit iarrtha;

(ii) imscrúdú atá ar siúl maidir le cion coiriúil, chuirfeadh sé rath an imscrúdaithe i mbaol; nó;

(iii) dhéanfadh sé dochar míchuí do leasanna ríthábhachtacha duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh.

Déanfaidh aon diúltú difear don chuid den fhaisnéis iarrtha lena mbaineann na cúiseanna a leagtar amach sa chéad fhomhír agus don chuid sin amháin agus, i gcás inarb infheidhme, ní dhéanfaidh an diúltú difear don oibleagáid maidir leis na codanna eile den fhaisnéis a sholáthar i gcomhréir leis an Treoir seo.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a bpointe teagmhála aonair an diúltú in iúl don phointe teagmhála aonair nó, i gcás inarb infheidhme, d'údarás forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrthaigh, agus sonróidh siad na cúiseanna leis an diúltú, laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagal 5(1).

3. Áiritheoidh na Ballstáit go n-iarrfaidh a bpointe teagmhála aonair soiléirithe breise a mbeidh gá leo chun próiseáil a dhéanamh ar iarraidh ar fhaisnéis nár mhór a dhiúltú seachas sin, agus go n-iarrfaidh siad na soiléirithe sin láithreach ón bpointe teagmhála aonair nó, i gcás inarb infheidhme, ó údarás forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrthaigh.

Cuirfear na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 5(1) ar fionraí ón uair a gheobhaidh pointe teagmhála aonair an Bhallstáit iarrthaigh nó, i gcás inarb infheidhme, údarás forfheidhmithe dlí an Bhallstáit iarrthaigh an iarraidh ar shoiléirithe, go dtí go bhfaighidh pointe teagmhála aonair an Bhallstáit iarrtha na soiléirithe.

4. Na diúltuithe, na cúiseanna leis na diúltuithe, na hiarrataí ar shoiléiriú agus na soiléirithe dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4, mar aon le haon chumarsáid eile a bhaineann leis na hiarrataí ar fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair Ballstáit eile, déanfar iad a tharchur sa teanga inar cuireadh an iarraidh sin isteach i gcomhréir le hAirteagal 4(5).

Caibidil III

Malartuithe faisnéise eile

Airteagal 7
Faisnéis a sholáthar ar a thionscnamh féin

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí, ar a dtionscnamh féin, aon fhaisnéis atá ar fáil dóibh a sholáthar do na pointí teagmhála aonair nó do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstát eile, i gcás ina bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann lena chreidiúint go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith ábhartha don Bhallstát sin chun na críche dá dtagraítear in Airteagal 1(1). Ní bheidh aon oibleagáid den sórt sin ann, áfach, a mhéid a bheidh feidhm ag na cúiseanna dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointí (c), (d) nó (e) maidir leis an bhfaisnéis sin.

2. I gcás ina ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí faisnéis a sholáthar ar a dtionscnamh féin i gcomhréir le mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh siad amhlaidh i gceann de na teangacha a áirítear sa liosta arna bhunú ag an mBallstát iarrtha agus arna fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 11.

I gcás ina soláthróidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí an fhaisnéis sin chuig údarás forfheidhmithe dlí Ballstáit eile, áiritheoidh na Ballstáit

go seolfaidh siad freisin, an tráth céanna, cóip den fhaisnéis chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit eile sin.

Airteagal 8

Malartuithe faisnéise nuair a chuirtear iarrataí go díreach faoi bhráid na n-údarás forfheidhmithe dlí

I gcás ina gcuirfidh pointe teagmhála aonair nó údaráis forfheidhmithe dlí iarrataí ar fhaisnéis go díreach faoi bhráid na n-údarás forfheidhmithe dlí i mBallstát eile, áiritheoidh na Ballstáit, an tráth céanna a sheolfaidh siad na hiarrataí sin, a sholáthróidh siad faisnéis de bhun na n-iarrataí sin nó a sheolfaidh siad aon chumarsáid eile a bhaineann leo, go ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí cóip den méid sin a sheoladh chuig pointe teagmhála aonair an Bhallstáit eile sin agus, i gcás inarb údarás forfheidhmithe dlí é an seoltóir, chuig pointe teagmhála aonair a Bhallstáit féin freisin.

Caibidil IV

Rialacha breise maidir le faisnéis a sholáthar faoi Chaibidlí II agus III

Airteagal 9

Údarú breithiúnach

1. Ní éileoidh na Ballstáit aon údarú breithiúnach chun faisnéis a sholáthar do na pointí teagmhála aonair ná don údarás forfheidhmithe dlí i mBallstát eile faoi Chaibidil II agus faoi Chaibidil III, i gcás nach mbeidh feidhm ag ceanglas den sórt sin maidir le faisnéis a sholáthar dá bpointe teagmhála aonair féin ná dá n-údaráis forfheidhmithe dlí féin.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina n-éilíonn a ndlí náisiúnta údarú breithiúnach chun faisnéis a sholáthar do na pointí teagmhála aonair nó do na húdarás forfheidhmithe dlí i mBallstát eile i gcomhréir le mír 1, go ndéanfaidh a bpointí teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí gach beart is gá láithreach, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, chun an t-údarú breithiúnach sin a fháil a luaithe is féidir.
3. Déanfar na hiarrataí ar údarú breithiúnach dá dtagraítear i mír 1 a mheasúnú agus déanfar cinneadh fúthu i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstát ina bhfuil an t-údarás breithiúnach inniúil.

Airteagal 10

Rialacha breise maidir le faisnéis ar sonraí pearsanta atá inti

Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas, i gcás ina ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí faisnéis ar sonraí pearsanta atá inti a sholáthar faoi Chaibidlí II agus III:

(i) go bhfuil na catagóirí sonraí pearsanta a sholáthraítear fós teoranta do na catagóirí a liostaítear i Roinn B, pointe 2, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/794;

(ii) go ndéanann a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí, an tráth céanna agus a mhéid is féidir, na heilimintí is gá a sholáthar freisin, eilimintí a chuireann ar chumas phointe teagmhála aonair nó údarás forfheidhmithe dlí an Bhallstáit eile measúnú a dhéanamh ar

leibhéal cruinnis, iomláine agus iontaofachta na sonraí pearsanta, agus ar a mhéid atá na sonraí pearsanta cothrom le dáta.

Airteagal 11
Liosta teangacha

1. Déanfaidh na Ballstáit liosta a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta, liosta ar a mbeidh ceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais ina mbeidh a bpointe teagmhála aonair in ann faisnéis a sholáthar nuair a dhéantar iarraidh ar fhaisnéis nó ar a thionscnamh féin. Beidh Béarla ar an liosta sin.

2. Cuirfidh na Ballstáit na liostaí sin ar fáil don Choimisiún, mar aon le haon nuashonrú orthu. Foilseoidh an Coimisiún na liostaí sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar aon le haon nuashonrú orthu.

Airteagal 12
Faisnéis a sholáthar do Europol

I gcás ina seolfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí iarrataí ar fhaisnéis, i gcás ina soláthróidh siad faisnéis de bhun na n-iarrataí sin, i gcás ina soláthróidh siad faisnéis ar a dtionscnamh féin nó i gcás ina seolfaidh siad teachtaireachtaí eile a bhaineann leis sin faoi Chaibidlí II agus III, áiritheoidh na Ballstáit go seolfaidh siad cóip den mhéid sin chuig Europol freisin an tráth céanna, a mhéid a bhfuil gaol ag an bhfaisnéis lena mbaineann an chumarsáid le cionta a thagann faoi raon feidhme chuspóirí Europol i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/794.

Airteagal 13
SIENA a úsáid

1. I gcás ina seolfaidh a bpointe teagmhála aonair nó a n-údaráis forfheidhmithe dlí iarrataí ar fhaisnéis, i gcás ina gcuirfidh siad faisnéis ar fáil de bhun na n-iarrataí sin, i gcás ina soláthróidh siad faisnéis ar a dtionscnamh féin nó i gcás ina seolfaidh siad cumarsáidí eile a bhaineann leis sin faoi Chaibidlí II agus III nó faoi Airteagal 12, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh siad amhlaidh trí SIENA.

2. Maidir le pointí teagmhála aonair na mBallstát, mar aon lena n-údaráis forfheidhmithe dlí go léir a d'fhéadfadh a bheith rannpháirteach i malartú faisnéise faoin Treoir seo, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh siad nasctha go díreach le SIENA.

Caibidil V

Pointe teagmhála aonair chun faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit

Airteagal 14
Bunú, cúraimí agus cumais

1. Bunóidh nó ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála aonair náisiúnta amháin, arb é an t-eintiteas lárnach a bheidh freagrach as malartuithe faisnéise faoin Treoir seo a chomhordú.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de chumhacht ag a bpointe teagmhála aonair gach ceann de na cúraimí seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

(a) iarrataí ar fhaisnéis a fháil agus meastóireacht a dhéanamh orthu;

(b) iarrataí ar fhaisnéis a sheoladh chuig an údarás forfheidhmithe dlí náisiúnta iomchuí nó chuig na húdaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta iomchuí agus, más gá, próiseáil na n-iarrataí sin agus an soláthar faisnéise nuair a fhaightear na hiarrataí sin a chomhordú eatarthu;

(c) faisnéis a anailísiú agus a struchtúrú d'fhonn í a sholáthar do na pointí teagmhála aonair agus, i gcás inarb infheidhme, d na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile;

(d) faisnéis a sholáthar, nuair a fhaightear iarraidh nó ar a thionscnamh féin, do na pointí teagmhála aonair agus, i gcás inarb infheidhme, do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 7;

(e) diúltú d'fhaisnéis a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 6 agus, i gcás inar gá, soiléirithe a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 6(3);

(f) seolfaidh siad iarrataí ar fhaisnéis chuig pointí teagmhála aonair na mBallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 4 agus, i gcás inar gá, soiléirithe a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 6(3).

3. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil rochtain ag a bpointe teagmhála aonair ar gach faisnéis atá ar fáil dá n-údaráis forfheidhmithe dlí, a mhéid is gá chun a chúraimí a dhéanamh faoin Treoir seo;

(b) go ndéanann a bpointe teagmhála aonair a chuid cúraimí 24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine;

(c) go gcuirtear ar fáil dá bpointe teagmhála aonair an fhoireann, na hacmhainní agus na cumais is gá chun a chúraimí a dhéanamh ar bhealach leormhaith agus mear i gcomhréir leis an Treoir seo agus go háirithe de réir na dteorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 5(1), lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an aistriúchán;

(d) maidir leis na húdaráis bhreithiúnacha atá inniúil chun údaruithe breithiúnacha a dheonú a éilítear faoin dlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 9, go bhfuil siad ar fáil don phointe teagmhála aonair 24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine.

4. Laistigh de mhí amháin tar éis dóibh a bpointe teagmhála aonair a bhunú nó a ainmniú, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún ina leith. Déanfaidh siad an fhaisnéis sin a nuashonrú i gcás inar gá.

Foilseoidh an Coimisiún na fógraí sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar aon le haon nuashonrú orthu.

Airteagal 15
Comhdhéanamh

1. Cinnfidh na Ballstáit eagrú agus comhdhéanamh a bpointe teagmhála aonair ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh sé in ann a chúraimí faoin Treoir seo a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil éifeachtach.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a bpointe teagmhála aonair comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta a bhfuil a rannpháirtíocht

riachtanach le haghaidh malartú faisnéise leormhaith agus mear faoin Treoir seo, lena n-áirítear ar a laghad an méid seo a leanas a mhéid atá an Ballstát lena mbaineann faoi cheangal ag an reachtaíocht ábhartha na haonaid nó na biúrónna sin a bhunú nó a ainmniú:

(a) an t-aonad náisiúnta Europol arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2016/794;

(b) Biúró SIRENE arna bhunú le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[73];

(c) an t-aonad um fhaisnéis faoi phaisinéirí arna bhunú faoi Airteagal 4 de Threoir (AE) 2016/681;

(d) Biúró Lárnach Náisiúnta INTERPOL arna bhunú le hAirteagal 32 de Bhunreacht Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta – INTERPOL.

Airteagal 16
Córas bainistithe cásanna

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a bpointe teagmhála aonair córas bainistithe cásanna leictreonach amháin a chur in úsáid agus a oibriú mar stór lena ligtear don phointe teagmhála aonair a chúraimí a dhéanamh faoin Treoir seo. Beidh na feidhmeanna agus na cumais uile seo a leanas ag an gcóras bainistithe cásanna ar a laghad:

(a) taifead a dhéanamh ar iarrataí isteach agus amach ar fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 8, chomh maith le haon le haon chumarsáid eile le pointí teagmhála aonair agus, i gcás inarb infheidhme, le húdaráis forfheidhmithe dlí na mBallstáit eile ar cumarsáidí iad a bhaineann leis na hiarrataí sin, lena n-áirítear an fhaisnéis faoi dhiúltuithe agus faoi iarrataí ar shoiléirithe agus soláthar soiléirithe dá dtagraítear in Airteagal 6(2) agus (3) faoi seach;

(b) taifead a dhéanamh ar chumarsáidí idir an pointe teagmhála aonair agus na húdaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta, de bhun Airteagal 15(2), pointe (b);

(c) taifead a dhéanamh ar an soláthar faisnéise do na pointí teagmhála aonair agus, i gcás inarb infheidhme, do na húdaráis forfheidhmithe dlí i mBallstáit eile i gcomhréir le hAirteagail 5, 7 agus 8;

(d) iarrataí isteach ar fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 8 a chros-seiceáil le faisnéis atá ar fáil don phointe teagmhála aonair, lena n-áirítear faisnéis arna soláthar i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 5(3) agus an dara fomhír d'Airteagal 7(2) agus faisnéis ábhartha eile arna taifeadadh sa chóras bainistithe cásanna;

(e) a áirithiú go ndéanfar obair leantach mhear ar iarrataí isteach ar fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4, go háirithe d'fhonn cloí leis na teorainneacha ama

[73] Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/JHA ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312 7.12.2018, lch. 56).

maidir leis an bhfaisnéis iarrtha a sholáthar, ar teorainneacha ama iad a leagtar amach in Airteagal 5;

(f) a bheith idir-inoibritheach le SIENA, agus é á áirithiú go háirithe gur féidir cumarsáidí isteach trí SIENA a thaifeadadh go díreach sa chóras bainistithe cásanna agus gur féidir cumarsáidí amach trí SIENA a sheoladh go díreach ón gcóras bainistithe cásanna;

(g) staitisticí a ghiniúint i ndáil le malartuithe faisnéise faoin Treoir seo chun críoch meastóireachta agus faireacháin, go háirithe chun críoch Airteagal 17;

(h) rochtain agus gníomhaíochtaí próiseála eile a logáil i ndáil leis an bhfaisnéis atá sa chóras bainistithe cásanna, chun críoch cuntasachta agus cibearshlándála.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbainisteofar gach riosca cibearshlándála a bhaineann leis an gcóras bainistithe cásanna, go háirithe maidir lena struchtúr, lena rialachas agus lena rialú, agus go dtabharfar aghaidh orthu ar bhealach stuama agus éifeachtach agus chun a áirithiú go ndéanfar foráil maidir le coimircí leormhaithe i gcoinne rochtain neamhúdaraithe agus mí-úsáide.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh aon sonraí pearsanta a phróiseálann a bpointe teagmhála aonair stóráilte sa chóras bainistithe cásanna ach chomh fada agus is gá agus is comhréireach chun na gcríoch ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil agus áiritheoidh siad go scriosfar na sonraí go do-athraithe ina dhiaidh sin.

Caibidil VI

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 17
Staitisticí

1. Cuirfidh na Ballstáit staitisticí ar fáil don Choimisiún maidir leis na malartuithe faisnéise leis na Ballstáit eile faoin Treoir seo, faoin 1 Márta gach bliain.

2. Cumhdóidh na staitisticí an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) líon na n-iarrataí ar fhaisnéis arna gcur isteach ag a bpointe teagmhála aonair agus ag a n-údaráis forfheidhmithe dlí;

(b) líon na n-iarrataí ar fhaisnéis a fuair an pointe teagmhála aonair agus a n-údaráis forfheidhmithe dlí agus a thug siad freagra orthu, agus iad miondealaithe ina n-iarrataí práinneacha agus neamhphráinneacha, agus miondealaithe de réir na mBallstát eile a fhaigheann an fhaisnéis;

(c) líon na n-iarrataí ar fhaisnéis a diúltaíodh de bhun Airteagal 6, iad miondealaithe de réir an Bhallstáit a rinne an iarraidh agus de réir na bhforas diúltaithe;

(d) líon na gcásanna inar imíodh ó na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 5(1) toisc go raibh orthu údarú breithiúnach a fháil i gcomhréir le hAirteagal 5(2),iad miondealaithe de réir an Bhallstáit a chuir isteach na hiarrataí ar fhaisnéis lena mbaineann.

Airteagal 18
Tuarascálacha

1. Déanfaidh an Coimisiún, faoin [*dáta teacht i bhfeidhm + 3 bliana*], tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar chur chun feidhme na Treorach seo.

2. Cuirfidh an Coimisiún, faoin [*dáta teacht i bhfeidhm + 5 bliana*], tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na Treorach seo. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a sholáthróidh na Ballstáit agus aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann le trasuí agus cur chun feidhme na Treorach seo. Ar bhonn na meastóireachta sin, déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le gníomhaíochtaí leantacha iomchuí, lena n-áirítear, más gá, togra reachtach.

Airteagal 19
Leasuithe ar an gCoinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme

Ón [*dáta dá dtagraítear in Airteagal 21(1), an chéad fhomhír*], leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme mar a leanas:

(i) Cuirtear an Treoir seo in ionad Airteagal 39 a mhéid a bhaineann an t-airteagal sin leis an malartú faisnéise chun na críche dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Treoir seo;

(ii) Scriostar Airteagal 46.

Airteagal 20
Aisghairm

Déantar Cinneadh Réime 2006/960/CGB a aisghairm ón [dáta dá dtagraítear in Airteagal 21(1), an chéad fhomhír].

Déanfar tagairtí don Chinneadh Réime sin a fhorléiriú mar thagairtí d'fhorálacha comhfhreagracha na Treorach seo.

Airteagal 21
Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [*dáta teacht i bhfeidhm + 2 bhliain*]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón dáta sin. Mar sin féin, cuirfidh siad Airteagal 13 i bhfeidhm ón [dáta teacht i bhfeidhm + 4 bliana].

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 22
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 23
Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*